TREOIR EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022

MEITHEAMH 2022 – AG ULLMHÚ LE hAGHAIDH NA SCRÚDUITHE

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 3

2. Tráthchlár na Scrúduithe 4

3 Iarrthóirí Seachtracha 4

4. I rith na Scrúduithe 4

5. Socruithe Réasúnta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 7

6. Scrúduithe Iarchurtha 8

7 Próiseas Marcála na Scrúduithe 17

8. Marcáil Ar Líne 19

9. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint 22

10. An Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra 23

11. Eisiúint na dTorthaí agus Tar Éis na Torthaí a Eisiúint- Breathnú ar Scripteanna agus Achomhairc 24

Aguisín 1. Córas Ghráid na hArdteistiméireachta 25

Aguisín 2. Sliocht as na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna 26

Aguisín 3. Rochtain ar Scripteanna Scrúdaithe – Cosaint Sonraí 29

1. Réamhrá

Is é an aidhm atá ag an treoir seo tuilleadh eolais a chur ar fáil duit maidir le hArdteistiméireacht 2022. Sa Treoir Eolais d'Iarrthóirí, cuirtear eolas tábhachtach ar fáil faoi cad ar chóir duit a bheith ag súil leis i rith na scrúduithe. Tá eolas curtha ar fáil ann freisin faoi phróiseas marcála na scrúduithe; cathain agus conas a gheobhaidh tú do chuid torthaí; agus roinnt réamhshonraí maidir leis na céimeanna a leanann tar éis eisiúint na dtorthaí – an t-eolas a chuirfear ar fáil duit faoi do thorthaí scrúdaithe san áireamh; breathnú ar script scrúdaithe mharcáilte; agus próisis na nAchomharc a mbeidh rochtain agat orthu. Cuirfear treoir sa bhreis ar na torthaí agus ar na céimeanna i ndiaidh na dtorthaí nuair a eisítear na torthaí agus tabhair faoi deara go bhfuiltear ag súil go ndéanfar na torthaí a eisiúint tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra.

Is leathnú é an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra dár seirbhís torthaí ar líne. Chomh maith le rochtain a chur ar fáil ar do chuid torthaí, ligfidh sí duit iarratas a dhéanamh freisin chun breathnú ar scripteanna, chun rochtain a dhéanamh ar mharcanna comhpháirteanna, chun breathnú ar scripteanna in ábhair atá á marcáil ar líne i mbliana, chun iarratas ar achomharc a dhéanamh agus chun rochtain a dhéanamh ar thorthaí d'achomhairc. Ní mór duit a bheith cláraithe ar an Tairseach chun rochtain a dhéanamh ar aon cheann de na seirbhísí seo. Féach na sonraí ar Leathanach 17.

Ar mhaith le cothrom na Féinne do na hiarrthóirí uile, ní mór na scrúduithe a reáchtáil ar bhealach dea-rialaithe. Cuirtear fógraí ar taispeáint sna hionaid scrúdaithe chun a chur i gcuimhne do na hiarrthóirí faoi na rialacha is tábhachtaí nach mór cloí leo i rith na scrúduithe. Ag deireadh an leabhráin seo, gheobhaidh tú na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le hiompar na n-iarrthóirí ag na scrúduithe iad féin. **Ba chóir duit tú féin a chur ar an eolas go hiomlán faoi na rialacha agus na rialacháin ar Leathanach 22 agus tabhair faoi deara, má sháraíonn tú aon cheann díobh, go mbeidh tú faoi dhliteanas go dtarraingeofar siar torthaí do scrúdaithe agus go mb'fhéidir go gcuirfear bac ort ó chur isteach ar Scrúduithe Stáit ar feadh tréimhse ama.** Má tá tú in amhras faoi aon ábhar ba chóir duit é a sheiceáil ar dtús le húdarás na scoile/Feitheoir na scrúduithe.

Eolas ginearálta

Oibríonn an CSS go dlúth i gcomhar le húdaráis na scoileanna i rith na bliana agus go háirithe i rith thréimhse scrúduithe an tsamhraidh. Má tá aon ábhair imní ort i rith na scrúduithe, is é do chéad phointe teagmhála ar chóir a bheith ann ná le scoil. Gheobhaidh tú eolas faoi na seirbhísí atá curtha ar fáil ag an CSS ar ár suíomh gréasáin www.examinations.ie. Is é ár seoladh ríomhphoist ginearálta ná info@examinations.ie agus is í ár n-uimhir theileafóin ghinearálta ná: 090 64 42700

D'fhéadfadh an CSS teagmháil a dhéanamh leat trí théacs a chur, ar ríomhphost nó ar an bhfón ag baint úsáid as na sonraí teagmhála atá cláraithe agat ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra. Eiseofar ríomhphoist ón CSS ó noreply@bulk.examinations.ie nó ó sheoltaí ríomhphoist eile a mbíonn @examinations.ie ag an deireadh. Eiseofar teachtaireacht téacs SMS ón CSS ó *State Exams*.

Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) Scéim RACE ar fáil chun tacú le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais éagsúla atá casta acu lena n-áirítear deacrachtaí foghlama chomh maith le riochtaí coirp, amhairc, éisteachta, míochaine, céadfacha, mothúchánacha, iompraíochta nó riochtaí eile atá buan nó sealadach. Ar nós scéimeanna eile atá cosúil léi, a fheidhmíonn i ndlínsí eile, díríonn scéim RACE ar an ngá atá ann bacainní rochtana scrúdaithe a bhaint, agus ag an am céanna an gá a choinneáil chun measúnú a dhéanamh ar na bunscileanna agus ar na bunchumais chéanna, agus chun na caighdeáin ghnóthachtála chéanna a chur i bhfeidhm, mar a bhaineann leis na scoláirí uile eile.

Go dtí 2019, ní raibh aon rogha eile ag scoláirí nár éirigh leo a scrúduithe a dhéanamh de bharr báis duine muinteartha, nó ar chúis ar bith eile, ach na scrúduithe a dhéanamh an bhliain dár gcionn. Reáchtáladh scrúduithe curtha siar den chéad uair in 2019 do scoláirí a bhfuair duine muinteartha leo bás.

Don Ardteistiméireacht 2022, soláthróidh CSS scrúduithe iarchurtha, mar a rinneadh in 2019, d'iarrthóirí a bhfuil méala gar teaghlaigh acu ag am na scrúduithe scríofa deiridh chun ligean dóibh roinnt scrúduithe a chur siar chun ullmhú don tsochraid agus freastal uirthi. Don bhliain 2022, áireofar sna scrúduithe iarchurtha síneadh sealadach ar an scéim chun neamhláithreachtaí de bharr Covid-19, méala, timpiste thromchúiseach nó tinneas leanúnach a áireamh.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil i gcuid 6 ar leathanach 8 den doiciméad seo.

Guímid anseo ag an CSS gach rath ort i do scrúduithe atá ag teacht aníos.

2. Tráthchlár na Scrúduithe

Cathain a thosaíonn agus a chríochnaíonn na scrúduithe?

Tosaíonn scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta, lena n-áirítear scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí, Dé Céadaoin an 8 Meitheamh. Críochnaíonn scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí Déardaoin, an 16 Meitheamh, agus críochnaíonn na scrúduithe deiridh san Ardteistiméireacht (seanbhunaithe) Dé Máirt, an 28 Meitheamh 2022. Tá na tráthchláir scrúdaithe oifigiúla le haghaidh 2022 ar fáil ar www.examinations.ie agus tá siad ar fáil sna clúdaigh laistigh den Treoir seo.

An mbeidh orm níos mó ná dhá scrúdú a dhéanamh in aon lá amháin?

D'fhéadfadh sé go mbeadh ort, de bharr do roghanna ábhair ar leith, níos mó ná dhá scrúdú a dhéanamh in aon lá amháin. Mar gheall ar chúiseanna folláine na n-iarrthóirí, ó 2019, cuireadh síneadh ama ar thráthchlár scrúdaithe scríofa na hArdteistiméireachta ó 13 lá go 15 lá. Tá an tráthchlár leathnaithe deartha chun an brú atá ar iarrthóirí a laghdú trí dheireadh a chur le hábhair ag teacht salach ar a chéile chomh fada agus is féidir. Bhíothas ag díriú go háirithe lena chinntiú nach bhfuil ach fíorbheag seans ann go mbeidh ar iarrthóir trí scrúdú a dhéanamh in aon lá amháin. Ach, níor cuireadh deireadh le gach ábhar ag teacht salach ar a chéile agus tá seans ann go dtarlóidh sé seo do líon beag iarrthóirí.

3. Iarrthóirí Seachtracha

Chuir mé isteach ar na scrúduithe mar Iarrthóir Seachtrach – nílim ag freastal ar scoil ná ar choláiste príobháideach – an bhfuil aon rialacha ar leith nach mór dom a bheith ar an eolas fúthu?

Beidh do scrúduithe á ndéanamh agat ag óstscoil; an ceann a d'ainmnigh tú don CSS nuair a chláraigh tú do na scrúduithe níos luaithe i mbliana. Chun é seo a dhéanamh, ba chóir go mbeadh cead faighte agat ó phríomhoide na scoile sin chun na scrúduithe a dhéanamh ansin. Nó, b'fhéidir go mbeidh scrúduithe á ndéanamh agat i gceann amháin den dá halla scrúduithe d'iarrthóirí seachtracha i mBaile Átha Cliath.

Chuir an CSS sonraí teagmhála duit ar fáil do d'óstscoil ainmnithe sa chás go mbeidh orthu teagmháil a dhéanamh leat maidir le haon fógraí a bhaineann leis an scoil.

Is gá duit a chur in iúl don scoil más rud é go mbeidh tú as láthair ó scrúdú nó ó líon scrúduithe. Ba chóir go dtiocfadh a leithéid de gach tuairisc mar seo tríd an scoil agus níor chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an CSS go díreach maidir le neamhláithreachtaí.
Féach leathanach 15 freisin maidir le scrúduithe curtha siar d'iarrthóirí seachtracha.

An gá dom cruthúnas de m'aitheantas a chur ar fáil?
Beidh ort cruthúnas aitheantais a chur ar fáil do bhainistíocht na scoile nuair a thagann tú chuig an scoil den chéad uair. Tá aon cheann de na foirmeacha aitheantais seo a leanas inghlactha:

- Ceadúnas Tiomána
- Pas
- Cárta Aitheantais an Gharda Síochána (dóibh siúd atá os cionn 18 mbliana d'aois)
- Cárta Aitheantais Scoláire USIT
- Cárta Seirbhíse Poiblí.

Is gá duit freisin do Chárta Aitheantais a thaispeáint don Fheitheoir do gach scrúdú ina mbeidh tú i láthair.

4. I rith na Scrúduithe

Cad is gá dom a thabhairt liom chuig na scrúduithe?

Ba chóir duit a chinntiú go dtugann tú do phinn, pinn luaidhe (le haghaidh léaráidí amháin) agus d'áireamhán féin leat. Beidh clog ar taispeáint san ionad, mar sin ní gá duit uaireadóir a thabhairt leat (agus tabhair faoi deara go bhfuil cosc ar uaireadóirí cliste agus ar ghléasanna eile a dtugtar míniú orthu níos déanaí). Cuirfear gach rud eile atá ag teastáil uait ar fáil.

Conas a dhéantar feitheoireacht ar na scrúduithe?

Déanann Feitheoir feitheoireacht ar gach ionad scrúdaithe agus déanann sé/sí maoirseacht ar reáchtáil na scrúduithe. Clúdaíonn sé seo scrúdpháipéir agus leabhair freagraí a dháileadh, a chinntiú go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn na scrúduithe in am ag na hamanna cearta agus go bhfuil timpeallacht oiriúnach agat le do scrúduithe a dhéanamh. Is gá duit cloí le treoir na bhFeitheoirí maidir leis na hábhair uile a bhaineann leis na scrúduithe.
I gcás na scrúduithe ina bhfuil triail cluastuisceana nó DVD mar chuid den triail,

Cad a dhéanaim mura féidir liom an DVD a chloisteáil go soiléir don triail chluastuisceana?
Sula dtosaíonn tú an triail í féin, seinnfidh an feitheoir taifeadadh trialach lena chinntiú gur féidir le gach duine san ionad scrúdaithe an taifeadadh a chloisteáil go soiléir. Mura bhfuil an fhuaim soiléir agus má tá deacracht agat an taifeadadh a chloisteáil, tá an dualgas ort féin é seo a chur in iúl don fheitheoir láithreach bonn agus sula dtosaíonn an triail í féin.

Cad is brí le dathanna na scrúdpháipéar?

Tá na páipéar dathchódaithe de réir an leibhéil. Ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi dhathanna na scrúdpháipéar mar go gcabhróidh sé seo leat a chinntiú gur thug an Feitheoir an leibhéal ceart duit.

Is iad seo a leanas an chaoi a ndéantar scrúdpháipéir na hArdteistiméireachta a dhathchódú;

- Tá clúdaigh Bhándearga agus Bhána ag scrúdpháipéir Ardleibhéil na hArdteistiméireachta
- Tá clúdaigh Ghorma agus Bhána ag scrúdpháipéir Gnáthleibhéil na hArdteistiméireachta
- Tá clúdaigh Dhath na Péitseoige agus Bhána ag scrúdpháipéir Bonnleibhéil na hArdteistiméireachta

Taobh istigh tá dath bán ar na páipéir agus tá an teideal agus an leibhéal priontáilte ag bun gach leathanaigh.

Is ábhair chomhleibhéil atá ann do gach ábhar do scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí agus tá dath Moca agus Bán ar na clúdaigh.

Beidh fógra a thaispeánann na dathanna de na scrúdpháipéir uile ar taispeáint san ionad scrúdaithe agus tá cóip de ar chúl an leabhráin seo.

An féidir liom an leibhéal a athrú ar lá an scrúdaithe ón leibhéal a roghnaigh mé ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra?

Is féidir – beidh an rogha seo fós agat leis na leibhéil a athrú ar lá na scrúduithe.
Ach, má chuir tú comhpháirt obair chúrsa nó scrúdú praiticiúil i gcrích nach comhpháirt comhleibhéil í, ansin ní mór duit an scrúdú scríofa a dhéanamh ag an leibhéal céanna leis an gcomhpháirt a chuir tú i gcrích cheana féin. Ar an gcaoi chéanna, in ábhair ina bhfuil dhá pháipéar scríofa, ní mór duit Páipéar 2 a dhéanamh ag an leibhéal céanna le Páipéar 1.

An bhfuil rialacha mionsonraithe ann maidir le hiompar na n-iarrthóirí sna scrúduithe?

Tá. Tá an liosta iomlán rialacha leagtha amach ar an gcúl den Treoir seo sa chuid dar teideal "***Sliocht as na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna – Iompar na nIarrthóirí i rith na Scrúduithes"***. An dualgas atá ort féin ná a chinntiú go bhfuil na rialacha seo ar eolas agat agus go gcloíonn tú leo an t-am ar fad. Déileálann siad seo le hábhair ar nós: -

- na hamanna le bheith i láthair,
- ag fágáil an ionaid roimh dheireadh an scrúdaithe,
- séitéireacht a dhéanamh nó iarracht séitéireacht a dhéanamh

San áireamh sna rialacha tinrimh is gá duit a bheith sa suíochán a tugadh duit san ionad scrúdaithe 30 nóiméad ar a laghad roimh thús ama na scrúduithe ar Lá 1 agus 15 nóiméad ar a laghad roimh do scrúduithe ar an laethanta ina dhiaidh sin. Má tá tú déanach don scrúdú, d'fhéadfadh an Feitheoir tú a ligean isteach, suas go dtí 30 nóiméad i ndiaidh an ama thosaithe, ach tá an t-am caillte. Níl cead agat an t-ionad scrúdaithe a fhágáil laistigh de na 10 nóiméad deiridh den scrúdú.

An bhfuil aon rialacha ann maidir le nótaí, leabhair, fóin phóca, seinnteoirí ceoil pearsanta, ríomhairí glúine/táibléid, páipéir leictreonacha, uaireadóirí cliste nó aon ghléasanna leictreonacha eile, etc. a

thabhairt isteach go dtí an t-ionad scrúduithe nó an bhfuil aon rialacha eile ann maidir le séitéireacht a dhéanamh?

Tá rialacha an-docht ann maidir le cad is féidir agus cad nach féidir leat a thabhairt isteach go dtí an t-ionad scrúdaithe agus faoi shéitéireacht a dhéanamh nó faoi iarracht séitéireacht a dhéanamh sna scrúduithe. Tá siad ar an gcúl den Treoir seo agus ag https://www.examinations.ie/index.php?l=en&mc=ca&sc=gy Sárú na Rialachán agus Iompar na nIarrthóirí i rith na scrúduithe.

Beidh fógra ar taispeáint ag gach ionad dar teideal "*Fógra – Pionós as ucht Sárú na Rialachán"* nach mór duit d'aird iomlán a thabhairt air.

Tá an méid seo a leanas deartha chun cuidiú leat ach ní léirmhíniú dlíthiúil é de na rialacha:

- Seachas do scrúdpháipéar nó do fhreagarleabhar, ní féidir leat aon leabhair, meamraim, nótaí, páipéir, fóin phóca, seinnteoirí ceoil pearsanta, ríomhairí glúine/táibléid, páipéir leictreonacha, uaireadóirí cliste ná aon ghléasanna leictreonacha eile, etc. a thabhairt isteach leat go dtí an halla scrúdaithe ná ní féidir leat na hearraí seo a bheith agat ná faoi rialú agat.
- Ní féidir leat iarracht a dhéanamh aon cheann de na hearraí seo a úsáid (ach tabhair faoi deara, fiú má bhíonn siad agat, léiríonn sé sin go bhfuil tú ag sárú na rialachán).
- Ní féidir leat cuidiú nó iarracht a dhéanamh cuidiú le hiarrthóir eile.
- Ní féidir leat cuidiú nó iarracht a dhéanamh cuidiú a fháil ó iarrthóir eile.
- Ní féidir leat cumarsáid nó iarracht a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh ar bhealach ar bith le hiarrthóir eile laistigh den ionad, ná ar bhealaí leictreonacha le duine lasmuigh den ionad.

An bhfuil aon rialacha ann maidir le cur i gcrích obair chúrsa phraiticiúil a chur i gcrích?

Tá. Is gá don obair chúrsa phraiticiúil uile a bheith mar d'obair aonair féin. Ní mór obair chúrsa phraiticiúil a chur i gcrích faoi fheitheoireacht an mhúinteora ábhair ionas gur féidir leis an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn rialta agus a bheith sa suíomh lena dheimhniú gurb í an obair d'obair aonair féin.

Cad a tharlóidh má chuidíonn duine éigin liom le mo scrúdú?

D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann d'aon duine a chuidíonn leat go míchuí mar go ndéantar foráil san Acht Oideachais 1998 do chionta áirithe maidir le reáchtáil na scrúduithe. Déanfar fiosrúchán iomlán ar aon chásanna ina bhfuil amhras faoi chóipeáil, cuidiú míchuí, bradaíl nó píosaí a d'ullmhaigh duine éigin eile a sholáthar, agus tá an baol ann go ngearrfar pionóis ort.

Cad a tharlóidh má tá amhras ann fúm go raibh séidéireacht á déanamh agam sna scrúduithe?

Ar mhaithe le cothrom na Féinne do na hiarrthóirí uile, ní mór don CSS a bheith sásta go bhfuarthas na marcanna a bronnadh go féaráile agus déanfar fiosrúchán ar aon mholadh, amhras nó líomhain atá ann go ndearnadh séidéireacht nó go raibh aon mhí-ionracas eile ann maidir leis na scrúduithe. Tá sé seo riachtanach chun cloí le caighdeán chóras scrúduithe Stáit na hÉireann agus chun cur leis an gcóir agus leis an gcothroime laistigh den chóras ionas go mbeidh na hiarrthóirí uile in ann cad a bhain siad amach a chur ar taispeáint ar comhchéim.

Má tá amhras ann go ndearna tú séidéireacht i rith na scrúduithe, is gá don Fheitheoir tuairisc a dhéanamh don CSS agus aon fhianaise atá ar fáil ina mbeidh leabhair, nótaí, gléasanna, etc. i gceist a chur ar fáil in éineacht leis an tuairisc.

Cuirtear prionsabail an cheartais aiceanta i bhfeidhm agus fiosrú á dhéanamh ar a leithéid de chásanna. Níos déanaí, cuirfear na sonraí maidir leis an bhfianaise atá ar fáil, ar nós tuairiscí an fheitheora, ábhar nó earraí a rinneadh a choigistiú, nótaí nó obair a ullmhaíodh ina léirítear fianaise chlaonpháirteachais, a chur faoi do bhráid trí do scoil agus tabharfar cuireadh duit freagra a thabhairt ar an bhfianaise atá curtha i láthair. Is féidir le húdarás na scoil ráiteas a chur ar fáil má cheapann sé go bhfuil sé iomchuí. Cuirfear an cinneadh in iúl duit i scríbhinn. Is féidir achomharc a dhéanamh ar chinneadh chun toradh a choinneáil siar. Cé go ndéantar gach iarracht fiosrúchán a thabhairt chun críche roimh na torthaí scrúdaithe a eisiúint, ní féidir é seo a dhéanamh i gcónaí. Sna cásanna seo, coinnítear siar na torthaí ar bhonn gan dochar go dtí go ndéanfar tuilleadh teagmhála leis na scoileanna agus leis na hiarrthóirí atá i gceist.

Cad iad na pionóis atá ann má aithnítear go bhfuil na rialacha briste agam?

Chuirfeadh an CSS fainic láidir ar aon scoláire a mbeadh cathú air/uirthi séidéireacht a dhéanamh go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann mar thoradh air seo. D'fhéadfá marcanna a chailleadh nó d'fhéadfá an toradh iomlán a chailleadh in ábhar; d'fhéadfadh sé/sí na torthaí a chailleadh den scrúdú iomlán; nó d'fhéadfaí cosc a chur air/uirthi ó chur isteach ar aon scrúduithe Stáit ar feadh tréimhse sonraithe. Go bunúsach, má sháraíonn tú na rialacha i dtaca le comhpháirt atá curtha i gcrích i scrúdú nach ndéantar feitheoireacht air (i.e. obair a cuireadh i gcrích thar thréimhse ama ar nós obair thionscadail, obair chúrsa, etc.) is é is dóichí ná go gcaillfidh tú na marcanna ar fad don chomhpháirt sin. Má sháraíonn tú na rialacha i scrúdú a ndéantar feitheoireacht air (ar nós scrúdú scríofa, béaltriail nó triail phraiticiúil) is é is dóichí ná go gcaillfidh tú an toradh don ábhar iomlán. Tabhair faoi deara go bhféadfaí pionóis níos tromchúisí a chur i bhfeidhm, ag brath ar thromchúis an chiona agus cuimsíonn siad seo gach ceann de thorthaí an scrúdaithe (an Ardteistiméireacht iomlán) a choinneáil siar agus/nó cosc a chur ó chur isteach le haghaidh scrúduithe stáit amach anseo. Cuirtear na pionóis i bhfeidhm i gcomhréir le Riail 76 de na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna. Cuirfidh an CSS san áireamh freisin cé acu an cion é an eachtra faoi Alt 52 den Acht Oideachais. Má mheastar gur tharla cion ansin déanfar fiosrú ar an eachtra faoin reachtaíocht.

5. Socruithe Réasúnta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Conas a fhreastalaítear ar iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Má tá riachtanais speisialta oideachais agat (lena n-áirítear deacrachtaí foghlama chomh maith le riochtaí coirp, amhairc, éisteachta, míochaine, céadfacha, mothúchánacha, iompraíochta nó riochtaí eile atá buan nó sealadach), a chuireann isteach go mór ar an gcumas atá ionat chun rochtain a dhéanamh ar na scrúduithe, beidh iarratas déanta cheana féin agat nó ag do scoil go dtí an CSS ar shocrú réasúnta. I gcásanna áirithe, is é atá i gceist leis an socrú ná go mbeidh dlíolúine tugtha duit ó thástáil a dhéanamh ort ar rud éigin a ndéanfaí tástáil ort murach sin, ar nós litriú cruinn a bheith agat.

Is é atá i gceist leis na socruithe réasúnta ná:

a) na bacainní a bhaint, chomh fada agus is féidir, ó rochtain a dhéanamh ar na scrúduithe agus dá bhrí sin a chur ar do chumas do leibhéal gnóthachtála a léiriú, agus

b) a chinntiú, cé go bhfuil gach deis tugtha duit chun do leibhéal gnóthachtála a léirú, nach buntáiste éagothrom a bheidh sna socruithe speisialta thar iarrthóirí eile sa scrúdú céanna.

Cuimsíonn samplaí na socruithe réasúnta: fáil ar chuidiú léitheoireachta, ar pháipéir mhodhnaithe, ar aistriúcháin braille nó ar scrúdpháipéir atá i gcló mór. San áireamh freisin d'fhéadfaí ligean duit do fhreagraí a thaifeadadh ar ghléas taifeadta nó ar phróiseálaí focal nó do fhreagraí a dheachtú do scríobhaí. Má bronnadh socrú réasúnta ort, beidh cóip de litir an CSS faighte agat maidir leis an rud céanna, agus beidh tú ar an eolas faoin gcineál socraithe go díreach atá le cur ar fáil. Má tá aon fhiosruithe agat faoi shocruithe réasúnta, féach an litir seo agus na leabhráin faoi Shocruithe Réasúnta ag Scrúduithe Teastais 2022: 'Treoir do Scoláirí' agus 'Treoracha do Scoileanna'.

Má tá aon fhiosruithe agat faoi shocruithe réasúnta, téigh i dteagmháil le: Rannóg Socruithe Réasúnta
Teileafón 090-6442782 R-phost: race@examinations.ie . Tabhair faoi deara, mar sin féin, nach mór na hiarratais uile ar shocruithe réasúnta a dhéanamh trí do scoil.

An féidir liom foclóir dátheangach a úsáid sna scrúduithe más rud é nach í an Ghaeilge nó nach é an Béarla mo mháthairtheanga?

Ní féidir, ach amháin sna cásanna seo a leanas. Is féidir leat foclóir dátheangach a úsáid idir do mháthairtheanga agus Béarla nó Gaeilge (e.g. Rúsis-Béarla-Béarla-Rúsis) ach ní féidir leat ceann aonteangach a úsáid (e.g. foclóir Rúisise ina mínítear na focail as Rúsis).

- Is féidir leat foclóir dátheangach a úsáid i ngach scrúdú ach amháin:
  - i scrúdú i do mháthairtheanga
  - i scrúdú Gaeilge
  - i scrúdú Béarla
  - i scrúdú ina bhfuil teanga a bhfuil dlúthghaol aici le do mháthairtheanga.
- Ní féidir mínithe ná sainmhínithe sa teanga chéanna a bheith san fhoclóir dátheangach a úsáidtear.

- Ní ceadmhach foclóir, gluais, liosta focal ná aistritheoir leictreonach a úsáid.
- Ní féidir aon nodaireacht sa bhreis a bheith san fhoclóir a úsáidtear.
  Ba chóir d'Fhoclóirí Dátheangacha cloí le ***Ciorclán S03/22 Úsáid Foclóirí Dátheangacha i Scrúduithe Teastais 2022.***

6. Scrúduithe Iarchurtha

Don Ardteistiméireacht 2022 agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach, cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) sraith scrúduithe iarchurtha ar fáil a mbeidh rochtain teoranta d'iarrthóirí a mbíonn:

a. bás ghar-ghaol - le haghaidh ullmhúcháin agus freastal ar sochraid, NÓ
b. Drochriochtaí sláinte - de bharr drochthimpiste, gortú nó tinneas.

In 2022 beidh rochtain ar na scrúduithe iarchurtha curtha ar fáil mar theagmhas le haghaidh iarrthóirí nach bhféadann a scrúduithe a dhéanamh mar gheall ar;

c. Covid 19 – ar aon dul le polasaí sláinte poiblí

Réamhrá
Agus síneadh déanta ar na soláthairtí práinneacha de Scéim na Socruithe Réasúnacha ag na Scrúduithe Teastais (Scéim RACE), mar a rinneadh in 2019, cuirfidh an CSS scrúduithe iarchurtha ar fáil d'iarrthóirí a mbíonn **bás ghar-ghaol** acu am a mbeidh na scrúduithe scríofa ceann cúrsa ar siúl.

Chomh maith leis sin tabharfaidh an CSS soláthar breisithe isteach le tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí nach bhfuil ar a gcumas acu a scrúduithe a dhéanamh sa phríomhshuí mar gheall ar **dhrochthimpiste, gortú nó tinneas.**

Tá riachtanas sealadach ann i mbliana rochtain a cheadú ar na scruduithe iarchurtha **ar bhonn sláinte poiblí** lena chinntiú nach bhfreastalóidh iarrthóirí ar scrúduithe le Covid – 19 nó le comharthaí Covid – 19.

Tá an fhorbairt ar shíneadh na scéime RACE chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a faigheann taithí ar an mbás agus drochthimpíste, gortú agus tinneas ag am scrúduithe foirmithe ag an taighde acadúil a rinneadh thar ceann an CSS. I bhfianaise taithí in Ardteistiméireacht 2022, tá beartaithe ag an CSS athbhreithniú a dhéanamh ar shíneadh na Scéime RACE chun scrúduithe iarchurtha a sholáthar ar an mbonn sin nuair a bheidh scrúduithe 2022 thart.

Aidhm
Is é aidhm na roinne seo den *Treoirleabhar d'Eolas Iarrthóra* ná eolas a sholáthar d'iarrthóirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí faoin sraith scrúduithe iarchurtha .

Tá na sonraí iomlána maidir le síneadh na scéime RACE leagtha amach sa chiorclán rialaithe **CSS Ciorclán S34 / 22** - Síneadh *na Scéime RACE chun scrúduithe iarchurtha a sholáthar ,* agus a iarthéacs – *Rochtain ar Scrúduithe Iarchurtha de bharr Chomhairle Sláinte Poiblí Covid – 19.* Tá an t-eolas anseo ar fáil chun cabhair a thabhairt d'iarrthóirí agus tuismitheoirí / caomhnóirí.

D'fhonn slánchúis a chosaint agus d'fhonn muinín a choinneáil san Ardteistiméireacht, beidh rochtain ar na scrúduithe iarchurtha teoranta go dian dóibh siúd nach bhfuil ar a gcumas i ndairíre a scrúduithe a dhéanamh sa phríomhshuí de bharr ceann de na cúiseanna sonraithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an scéim féin curtha ar fáil mar a leagtar amach é sa chiorclán rialaithe S34/22 agus san iarthéacs. Déanfar gach cinneadh trí thagairt don chritéir, prionsabail agus riachtanais mar a leagtar amach iad sna cáipéisí ainmnithe. D'iarr an CSS ar na húdaráis scoile a bheith eolach ar ábhar an Chiorcláin S34/22 chun a bheith in ann comhairle a chur ar iarrthóirí agus tuismitheoirí / caomhnóirí ar an síneadh seo don scéim RACE agus ar na teorainneacha a bhaineann leis

Tacú le hIarrthóirí a bhfuil tinneas nó méala acu
Baineann tábhacht le tabhairt do d'aire ag an tús go bhfuil an roctain ar na scrúduithe iarchurtha ceaptha le bheith ina rogha dheiridh, ar aon dul leis na socruithe agus na critéir rochtana leagtha amach thíos anseo. Leanfaidh scoileanna

agus an CSS le gach iarracht a dhéanamh a chur ar chumas na n-iarrthóirí agus iad a spreagadh chun a scrúduthe a dhéanamh ar an dáta beartaithe sa phríomhshuí.

Gan dabht, beifear ag súil i gcás mórán iarrthóirí a gcomhlíonann na riachtanais incháilitheachta thíos anseo go ndéanfaidh siad a gcuid scrúduithe mar atá pleanáilte, agus úsáid mar is gá á baint as na socruithe tacaíochta fadbhunaithe ar féidir a chur in áit. I measc na socruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh nuair a tharlaíonn cúinsí nach raibh súil leo tá: srúduithe a dhéanamh in áit eile ar nós ospidéil; rochtain ar ionad beag scrúdaithe atá roinnte; briseadh scíthe; athruithe don tráthchlár caighdeánach; agus bia, deochanna nó cóir leighis a thógail san ionad.

Cabhair a Fháil

Ar nós gach ní a bhaineann leis na scrúduithe teastais, ba cheart d'iarrthóirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil dearachtaí acu ag am scrúduithe aghaidh a thabhairt i dtosach ar a scoil féin. Tá an-taithí ag údaráis scoileanna ag déileáil le cúinsí dá leithéid agus is féidir leo comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí .

Achoimre ar an Scéim

Leagtar amach níos mó sonraí i bhfoirm ceist agus freagra thíos anseo. D'fheadfadh an t-eolas achomair seo a leanas a bheith ina chabhair chun sonraí faoin mbeartas seo a chur ar fáil, agus roinnt de na teorainneacha a bhaineann leis curtha san áireamh.

Cúiseanna Rochtana	**Cúis**	**Fianaise**	**Fad Asláithreachta**	**Tuilleadh Sonraí**
Bás	Ullmhúchán agus freastal ar sochraid nuair a fhaigheann ball den dlúthchlann bás	Fógra Bháis	Tig le hiarrthóir scrúduithe a iarchur suas go **trí lá** sa phríomhshuí.	Ciorclán CSS S34/22
Cúiseanna tromchúiseacha leighis	Soláthar a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil drochthímpiste, gortú nó tinneas ag iarrthóirí a fhágann an t-iarrthóir gan cumas a scrúduithe a dhéanamh mar atá pleanáilte	Ó **Comhairleoir leighis nó ospidéal –** deimhniúchán ar an gcineál timpíste , gortaithe nó tinnis agus an méid a imríonn sé tionchar ar chumas an iarrthóra freastal ar a scrúduithe. Ag teastáil laistigh de 4 lá ón gcéad iarratas.	Ag brath ar an bhfianaise leighis d'fheadfadh iarrthóir cead a fháil **roinnt scrúduithe nó gach scrúdú** a iarchur. Beifear ag súil go dtógfaidh siad a scrúduithe sa phríomhshuí a luaithe is féidir leo.	Ciorclán CSS S34/22
Covid-19	**Ar chúiseanna sláinte** poiblí i ndiaidh an chomhairle sláinte phoiblí is déanaí ar comharthaí **- Tig leo siúd le comharthaí sróine freastal a dhéanamh ar a scrúduithe sa phríomhshuí agus ba chóir dóibh é sin a dhéanamh.**	Féin-deimhniúchán	Beidh iarrthóir faoi réir **Tréimhse Asláithreachta Éigeantach** – ní fhreastalóidh iarrthóir ar aon scrúdú atá pleanáilte don lá a thagann comharthaí orthu nó aon scrúduithe ar ceann ar bith den 7 lá ina dhiaidh sin **(tréimhse 8 lá ina iomlán)**	Covid – 19 Iarthéacs do Ciorclán CSS S34/22

Próiseas Iarratais

I ngach cás tá an próiseas iarratais scoilbhunaithe. Ba chóir d'iarrthóirí nó tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil chun asláithreacht a chur in iúl dóibh ar nó roimh dháta agus am na chéad scrúduithe ina mbeidh an t-iarrthóir as láthair. Iarrtar ar an scoil iarratas a dhéanamh i dtosach don CSS roimh dháta na chéad scrúdú ina mbeidh an t-iarrthóir as láthair. Teastaíonn fianaise a chur faoi bhráid an CSS laistigh de 4 lá oibre ó dháta na chéad iarratais.

Beidh na scrúduithe iarchurtha ar siúl ón Déardaoin 30 Meitheamh suas go dtí An Satharn 16 Iúil, agus gach Satharn sa tréimhse sin san áireamh.

Agus iarratas á dhéanamh ar na scrúduithe iarchurtha a rochtain ar cheann ar bith de na cúiseanna sonraithe, ba chóir d'iarrthóirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí aire a thabhairt ar na teorainneacha a leanas a bhaineann leis;

- Níl aon **teagmhas eile don tsraith scrúduithe iarchurtha**. Má cheaptar go bhfuil iarrthóir i dteideal na scrúduithe iarchurtha a dhéanamh agus má éiríonn sé/í tinn agus fanann tinn ag am na scrúduithe iarchurtha , nó má tharlaíonn bás, nó má bhíonn sé/í as lathair óna scrúduithe ar chúis ar bith eile (Covid – 19 san áireamh) ní bheidh deis acu an Ardteistiméireacht a dhéanamh roimh Mheitheamh 2023. Ní chuirfear socruithe eile ar fail.
- **Tá sceidealú scrúduithe na hArdteistiméireachta ar an gcéad chúig lá** de na scrúduithe iarchurtha (Déardaoin 30 Meitheamh go Máirt 5 Iúil an dá dháta san áireamh agus An Satharn 2 Iúil san áireamh) **socraithe** mar atá sé ar an tráthchlár sealadach. Tá **na scrúduithe eile ar an tráthchlár go sealadach** ar dhátaí ón gCéadaoin 6 Iúil go dtí An Satharn 16 Iúil aus An Satharn 9 agus An Satharn 16 Iúil san áireamh. Maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tá an chéad lá den tráthchlár (Déardaoin 30 Meitheamh) **socraithe** agus tá **na scrúduithe eile ar an tráthchlár go sealadach** ar dhátaí ón Aoine 01 Iúil go dtí Deardaoin 07 Iúil agus An Satharn 02 Iúil san áireamh. Tabharfar tráthchláir chun críche ag brath ar an éileamh a thiocfaidh le linn na bpríomhscrúduithe.
- Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil chun na scrúduithe iarchurtha a dhéanamh thar an tréimhse agus ní mór dóibh a thabhairt faoi deara go **bhféadfadh trathchláir shealadacha athrú.** Cuirfear scrúduithe ar siul gach lá den tseachtain agus gach Satharn le linn treimhse na scrúduithe iarchurtha.
- Beidh na scrúduithe iarchurtha ar siúl i roinnt áiteanna réigiúnacha (scoil amháin in aghaidh an chontae de ghnáth) agus ba chóir d'iarrthóirí rogha a dhéanamh aon scrúduithe iarchurtha a dhéanamh sa scoil óstach is cóngaraí dóibh. D'fhéadfaí ionaid a thabhairt le chéile ag brath ar líon na n-iarrthóirí a dhéanfaidh na scrúduithe iarchurtha a deireadh thiar. Caithfidh iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh an **scoil óstach a roghnaigh siad ag brath ar athrú.**
- Agus freastal á dhéanamh ar na scrúduithe iarchurtha is dócha go mbeidh taisteal go háit eile le linn threimhse gach scrúdú iarchurtha a mbeidh siad ar tí a dhéanamh. Beidh iarrthóirí a dhéanann na scrúduithe iarchurtha freagrach as a gcóras iompair féin agus a gcostais iostais agus caithfidh siad a bheith in ann a socruithe féin a dhéanamh le freastsl ar an suí iarchurtha.
- Ní chuirfear dataí, ionaid nó socruithe eile ar fáil ar achainí na n-iarrthóirí.
- Ní ligfear iarrthóirí isteach chuig na scrúduithe iarchurtha ach ar ordú ón CSS.
- Tabhair ar d'aire go mbeidh an chéad scrúdú den phríomhshuí ar an gCéadaoin 8 Meitheamh agus cuirfear na scrúduithe atá pleanáilte don dáta sin ar siúl ar Déardaoin 30 Meitheamh sa suí iarchurtha, cuirfear amlínte an-dlúth i bhfeidhm don iarratas, déanamh cinntí, agus na próisis achomairc. Cuirfear na spriocdhátaí i bhfeidhm go beacht.

CEISTEANNA & FREAGRAÍ AR SCRÚDUITHE IARCHURTHA

INCÁILITHEACHT

Cé hé atá in ann scrúduithe iarchurtha a rochtain

Tá an soláthar beartaithe d'iarrthóirí Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí

a; bhfuil eispéireas de bhás ghar-ghaol an-ghar do na scrúduithe nó le linn na scrúduithe agus a mbíonn am ag teastáil uathu chun ullmhúchán a dhéanamh agus freastal ar an sochraid.

NÓ

a. a bhfuil eispéireas de dhrochthimpiste, gortú nó tinneas acu a fhágann iad gan cumas freastal ar a scrúduithe.

I mbliana, tá riachtanas sealadach ann rochtain a cheadú ar na scrúduithe iarchurtha ar bonn sláinte poiblí lena chinntiú nach bhfreastalóidh iarrthóirí le Covid -19 nó le comharthaí COVID-19 ar scrúduithe.

BÁS - ULLMHÚCHÁN AGUS FREASTAL AR SOCHRAID

Cé na tacaíochtaí a bheidh ar fáil d'iarrthóirí Ardtestiméireachta a mbíonn méala acu díreach roimh nó le linn na scrúduithe?

Beidh iarrthóirí incháilithe Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí a bhfuil **bás sa dlúthchlann** acu ábalta **suas le trí lá de scrúduithe a iarchur go dtí an suí iarchurtha.**

Maidir leo siúd a mbíonn bas de ghargaol acu le linn aimsir na scrúduithe, nó sa dá lá roimh na scrúduithe a thosaíonn ar 8 Meitheamh i mbliana, beidh siad in ann roinnt scrúduithe a iarchur. Dá bhrí sin, beidh an socrú ar fáil i leith bhás ghar-ghaol a tharlaíonn lá ar bith sa tréimhse Luan 6 Meitheamh go Máirt 28 Meitheamh,an dá lá san áireamh.

Is é aidhm an tsocraithe ná roinnt ama amuigh óna scrúduithe a chur ar fáil d'iarrthóirí chun ullmhúchán a dhéanamh agus freastal ar sochraid a dhuine mhuinteartha gan dualgas a bheith orthu déileáil leis an mbrú sa bhreis óna sraith iomlán scrúduithe ag an am céanna.

Beidh an t-iarrthóir in ann, ag a rogha féin, na scrúduithe a bhí le déanamh lá na sochraide a iarchur, má thiteann sé ar lá a bhí pleanáilte dóibh scrúduithe a dhéanamh, agus dhá lá eile. Idir an lá a fhaigheann an gar-ghaol bás agus an lá i ndiaidh dáta na sochraide, tig le hiarrthóir cinneadh a dhéanamh suas go **trí lá scrúduithe** a iarchur.

I ngach cás caithfidh an CSS a bheith sásta maidir le bailíocht an iarratais agus caomhnóidh sé an ceart cruthúnas neamhspleách den bhás a lorg.

Cé hé atá rangaithe mar ghar-ghaol?

Chun críocha scrúduithe iarchurtha tugtar gar-ghaolta ar cheann díobh seo a leanas: athair, leasathair, máthair, leasmháthair, caomhnóir dlíthiúil, deartháir, leasdeartháir, leathdheartháir, deirfiúr, leasdeirfiúr, leathdheirfiúr, seanathair nó seanmháthair. Déanann an scéim seo soláthar freisin do bhás an pháiste, an chéile nó an pháirtí shibhialta d'iarrthóir Ardteistiméireachta.

Cén fáth a bhfuil an t-am teoranta go trí lá?

Is é aidhm an tsocraithe ná roinnt ama a chur ar fáil don iarrthóir a bhfuil duine muinteartha leis/léi tar éis bháis chun ullmhúchán a dhéanamh agus freastal ar sochraid a dhuine mhuinteartha gan dualgas a bheith orthu déileáil leis an mbrú sa bhreis óna sraith iomlán scrúduithe ag an am céanna. Dá bhrí sin, tá an beartas ceaptha le bheith ina sos ó na scrúduithe ag am crua don duine óg.

Fuair mo dhuine muinteartha bás an tseachtain roimh thus na scrúduithe. An féidir liom roinnt scrúduithe a iarchur?

Ar an drochuair, mar a tharlaíonn i scéim ar bith lena mbaineann critéir incháilitheachta, i gcónaí beidh daoine ann a chomhlíonann na critéir agus daoine nach gcomhlíonann iad. Ghlac an CSS comhairle chuige ar fad ama cuí a dhearbhú idir dáta an bháis agus tús na scrúduithe ionas go mbeadh an t-iarrthóir i dteideal an bheartais seo. Is éard a bhí sa chomhairle seo ná gur chóir é a theorannú d'iarrthóirí a mbíonn méala acu le linn tréimhse iomlán na scrúduithe scríofa agus sa dá lá díreach roimhe.

Ma bhíonn bás ghar-ghaol againn, an mbeidh orm mo

Ní bheidh. Tig leat rogha a dhéanamh leanúint ar aghaidh le do scrúduithe sa phríomhshuí. Má chailleann tú duine muinteartha agus má roghnaíonn tú na scrúduithe a dhéanamh ag an ngnáth am gheobhaidh tú na tacaíochtaí céanna a cuireadh ar fáil d'iarrthóirí a d'fhulaing ón tráma agus ón angar le linn a scrúduithe mar a tharla sna blianta roimh seo. Áirítear leo siúd suí luath nó déanach scrúdaithe d'fhonn freastal a dhéanamh ar sochraid, scrúduithe a dhéanamh in ionad scrúdaithe níos lú, agus bristeacha scíthe faoi mhaoirseacht a sholáthar d'iarrthóirí le linn a scrúduithe.

COINNÍOLLACHA LEIGHIS TROMCHÚISEACHA – TIMPISTE, GORTÚ NÓ TINNEAS

Cé na tacaíochtaí atá ar fáil d'iarrthóirí Ardteistiméireachta a fhulaingíonn timpistí tromchúiseacha, gortuithe nó tinnis go díreach roimh nó le linn na scrúduithe?
Má bhíonn timpiste tromchúiseach, gortú nó tinneas ag iarrthóirí (gan choinne nó ráig de riocht sláinte atá ann) a d'fhág iad gan an cumas a scrúduithe a dhéanamh mar atá siad pleanáilte, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh siad ábalta roinnt dá scrúduithe nó iad ar fad a iarchur ag brath ar an amú, an cineál agus déine an tinnis.

Ar chúiseanna slánchúise na scrúduithe, tá an tairseach le haghaidh fianaise ard agus **beidh fianaise ag teastáil ó chomhairleoir leighis nó ó ospidéal.** Ní chuirfear san áireamh teistiú nó aon fhianaise eile a chuireann dochtúir nó aon liachleachtóir eile ar fáil.

Caithfidh an fhianaise leighis tacú le fianaise an tinnis agus leis an gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar chumas an iarrthóra bheith i láthair dá scrúduithe. Beifear ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí a scrúduithe a luaithe is féidir leo. Ach faoi chatagóir an drochthimpiste, gortú nó tinneas áfach d'fhéadfadh an t-iarrthóir féachaint lena scrúduithe ar fad a iarchur.

I gcás iarrthóir ar bith a mbíonn timpiste, gortú nó tinneas aige/aici le linn na scrúduithe ach nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta le haghaidh rochtain ar na scrúduithe iarchurtha déanfar freastal air/uirthi faoin soláthar atá ann den Scéim RACE a chuireann réimse beartas ar fáil d'fhonn tacú le hiarrthóirí a bhfuil cúinsí dúshlánacha acu ag am na scrúduithe.

Céard atá i gceist le drochthimpiste, gortú nó tinneas?

Ar mhaithe le scrúduithe, gnásanna agus caighdeáin deimhniúcháin a choinneáil neartmhar tá an tairseach le haghaidh rochtain ar scrúduithe iarchurtha na hArdteistiméireachta socraithe ag an leibhéal cuí. Tá na critéir le haghaidh coinníollacha leighis tromchúiseacha curtha ar an eolas tríd an taighde sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtíortha eile a bhfuil córas scrúdúcháin acu ar aon dul le córas na hÉireann.

Ní féidir a bheith ró-shaintreorach maidir leis an réimse coinníollacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ach tá an méid a leanas ann chun tromchúis na gcoinníollacha leighis a léiriú agus cúinsí a thuilleann smaoineamh ar iarratas le haghaidh rochtain ar an tsraith scrúduithe iarchurtha.

Cineál Drochthimpiste, Gortú nó Tinneas	Samplaí de choinníollacha a ndéanfar smaoineamh orthu	Samplaí de coinníollacha nach ndéanfar smaoineamh orthu*
Tinneas Tromchúiseach	Ailse, coinníollacha cairdiach	Gaistreintríteas mígréin
Máinliacht mhór ag am na scrúduithe nó gar dó	Mánliacht mhór neamhroghnach. Trasphlandú, aipindeachtóime	Aon mhánliacht roghnach.
Galar crua nó coinníoll dian eachtra / eipeasóid	Seipsis, titimeas, galar Crohn, an-taom asma as a dtagann seal san ospidéal	Broincíteas, Asma, Fiabhras léana
Dianghortú nó gortú buan a tharlaíonn ag am an scrúdaithe	Briseadh cnámh a iarrann seal san ospidéal ag am an scrúdaithe, gortú inchinne, teascadh, gortú dromlaigh.	Leontaí, gortuithe miondhó, damáiste don teannán, briseadh cnámh ar féidir freastal orthu laistigh den soláthar atá ann den Scéim RACE(m.sh. rochtain a chur ar fáil do ghléas taifeadta / scríobhaí i gcomhair iarrthóir a bhfuil a lámh briste;)
Tinneas síciatrach	Eipeasóid meabhairshláinte a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Coinneáil in ospidéal.	Strus, Imní, Tráma neamhliachta

** Ach amháin má tharlaíonn tréimhse san ospidéal gan choinne mar thoradh ar aon cheann de na coinníollacha sin ag am na scrúduithe.*

Cé mhéid scrúdú a d'fhéadfadh a iarchur i ngeall ar dhrochthimpiste, gortú nó tinneas?
Beidh ar chumas na n-iarrthóirí incháilithe roinnt nó gach ceann dá scrúduithe a iarchur ag brath ar amú, cineál agus déine a gcoinníll. Cathfidh an fhianaise leighis tacú le fianaise an choinníll chomh maith leis an gcaoi a imríonn sé tionchar ar chumas an iarrthóra freastal ar a scrúduithe. Beifear ag súil go ndéanfadh iarrthóirí a laghad scrúdúithe agus is féidir a iarchur agus go rachadh siad ar ais dá scrúduithe sna príomhscrúduithe a luaithe agus is féidir.

Cé na tacaíochtaí atá ar fáil d'iarrthóirí Ardteistiméireachta a fhulaingíonn timpistí nach bhfuil tromchúiseach, gortuithe nó tinnis go díreach roimh nó le linn na scrúduithe?

Moltar do gach iarrthóir a gcuid scrúduithe a thógáil mar atá siad ar an sceideal agus leanfaidh an CSS ag déanamh gach iarracht agus déanfaidh scoileanna gach iarracht tacú le hiarrthóirí a scrúduithe a dhéanamh sa phríomhshuí.

Is féidir socruithe a dhéanamh idir an CSS agus an scoil ar mhaithe leis an iarrthóir chun a chur ar chumas an iarrthóra leanúint lena scrúdú ar an dáta sceidealaithe.

I gcás iarrthóirí atá tinn nó atá gortaithe ach nach bhfuil incháilithe i gcomhair rochtain ar na scrúduithe iarchurtha, beidh siad in ann leas a bhaint as na tacaíochtaí seanbhunaithe atá ar fáil faoin Scéim RACE. Maidir le hiarrthóirí a mbíonn méala acu, drochthimpiste, gortú nó tinneas ach a shocraíonn go leanfaidh siad lena mbunsceideal de scrúduithe, ar ndóigh, beidh siad i dteideal na socruithe tacaíochta sin a fháil. Áirítear sna tacaíochtaí sin;

rochtain ar ionad scrúdaithe speisialta roinnte nó do dhuine aonair (ag brath ar an ngá);

- socruithe a dhéanamh le haghaidh suíonna scrúduithe in ionaid neamhthipiciúla ar nós ospidéal nó in aon áit eile nó i scoil eile;
- ag tabhairt briseadh faoi mhaoirseacht nó tréimhsí sosa agus aird á thabhairt ar choinníoll fisiciúil, liachta nó mothúchánach an iarrthóra
- rochtain ar bhia, ar dheoch agus ar leigheas.
- Leasuithe don tráthchlár foilsithe ar choinníoll go gcuirtear na scrúduithe ar siúl ar an lá sceidealaithe ar an tráthchlár agus go bhfuil socruithe maoirseachta cuí in ionad.

Os rud é go bhfuil na srianta sláinte poiblí mar gheall ar Covid-19 curtha i leataobh anois déanfar freastal ar suí ospidéal freisin. Nuair a dhéanann iarrthóir scrúdú in ospidéal, áfach, ní cheadófar dóibh an tsraith scrúduithe iarchurtha a rochtain ina dhiaidh sin.

Má tharlaíonn suíomh éigeandála dá leithéid, is é do scoil an áit is fearr le cabhrú leat. Má tharlaíonn sé sin duit, le do thoil, déan teagmháil láithreach le do scoil.

Mura mbím cinnte go bhfuil mé incháilithe?
Mura mbíonn tú cinnte amach is amach go gcomhlionann tú na coinníollacha incháilithe, ba chóir duit freastal ar do scrúduithe i Meitheamh mar is gnáth ag nótáil go bhfuil socruiithe ann ar féidir iad a dhéanamh go háitiúil sa scoil chun cabhrú leat do scrúduithe a dhéanamh mar a cuireadh ar an sceideal iad ar dtús. Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go bhfuil riosca i gceist má chailleann siad an príomhshuí d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh siad incháilithe le scrúdú a dhéanamh sa suí iarchurtha agus nach dtabharfar cead dóibh é a dhéanamh ach amháin má cheadaítear a n-iarratas. **Ní cheadófar iarratais go díreach mar chaill an t-iarrthóir scrúdú sa phríomhshuí i Meitheamh**

Má éirím tinn le linn mo scrúdaithe i Meitheamh, an féidir liom an páipéar a aththógáil sa suí iarchurtha?
Ní féidir. Má éiríonn iarrthóir tinn tar éis scrúdú a thosú ní bheidh rochtain acu ar an suí iarchurtha. Ní scrúduithe dara seans iad agus ní bheidh siad ar fáil nuair a chuirfidh iarrthóir tús le scrúdú nó nuair a chríochnaíonn sé/sí scrúdú sa phríomhshuí, cé go ndeir an t-iarrthóir go raibh sé/sí tinn agus na scrúduithe ar siúl.

COVID-19

Céard a tharlaíonn má bhíonn Covid – 19 orm nó comhathaí Covid – 19 ag am scrúduithe?
Ba cheart d'iarrthóirí nach bhfuil ag cur as dóibh ach comharthaí sróine, amhail srón ag sileadh nó sraothartach, ach a mhothaíonn sláintiúil seachas sin, teacht i láthair dá gcuid scrúduithe. Tá an méid sin ag teacht leis an gcomhairle

reatha ó FSS maidir le freastal ar scoil agus tá an chomhairle sin i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2022. https://www2.hse.ie/conditions/covid19/preventing-the-spread/child-returning-to-school-or-childcare/.

Tá an chomhairle sláinte poiblí is déanaí don phobal i gcoitinne maidir le comharthaí Covid-19 ar fáil anseo

Má tá iarrthóir as láthair ó scrúdú/scrúduithe mar go bhfuil comharthaí Covid-19 air/uirthi, beidh cead aige/aici roctain a fháil ar na scrúduithe a raibh sé/í as láthair dóibh sa suí iarchurtha. Beidh Asláithreachtaí a bhaineann le Covid-19 faoi réir ag tréimhse éigeantach asláithreachta ó na scrúduithe.

Cén fhad atá sa tréimhse asláithreachta ó na scrúduithe?
Tosaíonn tréimhse na hasláthaireachta ar an gcéad lá a léirítear comharthaí agus beidh ar an iarrthóir a bheith as láthair ó na scrúduithe ar feadh téimhse seacht lá (lena n-áirítear an deireadh seachtaine) mar sin ocht lá san iomlán. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh ar chumas iarrthóra aon scrúdpháipéar a shuí, a bhí le suí aige/aici ar an lá a léirigh sé/sí na comharthaí agus aon cheann a bhí le suí sna seacht lá ina dhiaidh sin. (.i. ocht lá san iomlán)

Sampla A –Tuairiscíonn iarrthóir dá scoil ar an gCéadaoin, an 8 Meitheamh go bhfuil comharthaí Covid -19 air/uirthi. Beidh an t-iarrthóir as láthair óna c(h)uid scrúduithe go léir, ón gCéadaoin an 8 Meitheamh go dtí Céadaoin 15 Meitheamh , an dá lá sin san áireamh. Mura bhfuil aon chomharthaí á léiriú ag an iarrthóir féadfaidh sé/sí teach tar ais agus na scrúduithe atá fanta a dhéanamh ón Déardaoin 16 Meitheamh ar aghaidh. Déanfaidh na hiarrthóirí na scrúduithe a chaill siad sa tsraithe de scrúduithe iarchurtha. Sa sampla thuas beidh scrúduithe ar bith a raibh siad as láthair dóibh á ndéanamh acu idir Déardaoin 30 Mitheamh agus Céadaoin 6 Iúil agus An Satharn 2 Iúil san áireamh.

Sampla B – Tuairiscíonn iarrthóir dá scoil ar maidin Dé hAoine , 10 Meitheamh, go bhfuil comharthaí Covid-19 air/uirthi. Beidh an t-iarrthóir as láthair do na scrúduithe go léir atá sceidealaithe dó/di Dé hAoine 10 Meitheamh go dtí Dé hAoine 17 Meitheamh , an dá lá sin san áireamh. Mura bhfuil aon chomharthaí á léiriú ag an iarrthóir, féadfaidh sé/sí teacht ar ais chun na scrúduithe atá fanta a dhéanamh ó Dé Luain, an 20 Meitheamh ar aghaidh. Déanfaidh an t-iarrthóir aon scrúduithe a raibh sé/sí as láthair dóibh sa tsraithe de scrúduithe iarchurtha.

Mura raibh aon chomharthaí á léiriú ag an iarrthóir sa sampla thuas ar an 10 Meitheamh nó go raibh a c(h)uid scrúduithe críochnaithe aige/aici an lá sin, tháinig a c(h)uid comharthaí chun cinn fós féin ar an dáta sin agus is é sin an chéad lá ar a dtosóidh an tréimhse asláithreachta.

Cuirfear an tréimhse iomlán asláithreachta I bhfeidhm go docht agus ceanglaítear ar iarrthóirí gan teacht I láthair dá gcuid scrúduithe nó go mbeidh an tréimhse sin thart agus ina theannta sin comhairle sláinte poiblí a leanúint.

Céard a tharlaíonn má bhíonn comharthaí orm fós ag deireadh na tréimhse sin?
I gcás iarrthóirí a bhfuil comharthaí á léiriú acu go fóill ag deireadh na treimhse asláithreachta, beidh siad faoi réir tréimhse asláithreachta seacht lá sa bhreis. Ba cheart go leanfadh iarrthóirí ar aghaidh ag glacadh comhairle sláinte poiblí. Ní mór d'iarrthóirí tuairisciú don scoil ar an lá deiridh dá gcéad tréimhse asláithreachta más rud é go bhfuil comharthaí á léiriú acu go fóill.

Cén fáth a bhfuil tréimhse asláithreachta éigeantach ann?

Agus an tréimhse asláithreachta seo á cur i bhfeidhm, tá cur chuige rioscabhunaithe ar siúl ag an CSS chun bainistíocht a dhéanamh ar Covid-19 sna scrúduithe atá ar aon dul, tríd is tríd, le comhairle sláinte poiblí, ag teorannú rioscaí Covid-19 agus ag cur roinnt cinnteachta ar fáil maidir le fad na hasláithreachta le haghaidh iarrthóirí, scoileanna agus ionaid.

Má tharlaíonn bás nó drochghalar ach nach mbeidh mé ar fáil i Iúil an féidir socruithe iarchurtha a dhéanamh?
Ar an drochuair, ní féidir. D'fhéadfadh iarrthóirí taithí a fháil ar an mbás nó ar tinneas tromchúiseach ag am an phríomhshuí ach fios a bheith acu nách mbeidh siad ar fáil chun na scrúduithe iarchurtha a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh iarrthóirí dá leithéid ábalta a scrúduithe a dhéanamh sa phríomhshuí agus na socruithe tacaíochta ar féidir le scoileanna iad a chur ar fáil á n-úsáid acu. Seachas sin, beidh an rogha acu An Ardteistiméireacht a athdhéanamh ann bhliain seo chugainn.

Maidir le hiarrthóirí a chaitheann seal in ospidéal le linn tréimhse na scrúduithe iarchurtha, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta socrú a dhéanamh dóibh a scrúduithe a shuí in ospidéal ar an lá a raibh an scrudú ar an sceideal ar thrathchlár na scruduithe iarchurtha.

PRÓISEAS NA N-IARRATAS

Táim ag freastal ar scoil- Cén chaoi a ndéanaim iarratas ar na scrúduithe iarchurtha?
Tá próiseas na n-iarratas scoilbhunaithe agus ba chóir d'iarrthóirí nó a dtuismitheoirí / caomhnóirí an t-údarás scoile a chur ar an eolas láithreach má bhíonn siad as láthair i gcomhair scrúdaithe agus má chreideann siad go gcomhlíonann siad na critéir incháilithe d'fhonn an scrúdú iarchurtha a rochtain.

Iarrtar ar údarás na scoile iarratas a dhéanamh ar dtús ar an CSS ar son an iarrthóra d'fhonn an tsraith scrúduithe iarchurtha a rochtain agus tá córas iarratais ar líne curtha ar fáil do scoileanna. Ní mór an chéad iarratas a dhéanamh roimh nó ar an gcéad lá a mbíonn an t-iarrthóir as láthair ón scrúdú. Ar a dhéanaí, ní mór an chéad iarratas a dhéanamh tríd an gcóras ar líne ar an gcéad lá a mbíonn an t-iarrthóir as láthair ón bpríomhshuí.

Ní mór do iarrthóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith ar an eolas faoi na prionsabail fhoilsithe, na riachtanais agus na critéir a ndéanfar smaoineamh ar gach iarratas ina n-aghaidh agus ag brath ar chinneadh foirmeálta. Beidh an próiseas iarratais ag iarraidh deimhniúcháin ón iarrthóir agus ó thuismitheoir/caomhnóir go dtuigeann siad na téarmaí ar a ndéantar an t-iarratas. Iarrfaidh an scoil ort agus / nó ar do thuismitheoir / caomhnóir foirm dearbhúcháin na scrúduithe iarchurtha **(Foirm RA8 / 2022)** Ba chóir go gcomhlíonfadh an t-údarás scoile Roinn 2 ag dearbhú go gcomhlíonann an t-iarrthóir na coinníollacha incháilitheachta agus chun tacú leis an iarratas. Ní mór don iarrthóir Roinn 3 a chomhlíonadh (más os cionn 18) nó iarrthóir agus tuismitheoir/caomhnóir (más faoi bhun 18).

Beidh sainfhianaise liachta, mar a dtugtar sainmhíniú air sa chioirclán rialaithe S34/22, ag teastáil chun tacú le hiarratas ar bhonn drochthimpistí , gortú nó tinneas. Mar a leagtar amach é, ar mhaithe le cúiseanna slánchúise na scrúduithe , tá an tairseach i gcomhair fianaise ard agus beidh fianaise ag teastáil ó **chomhairleoir liachta nó ó ospidéal.** Ní chuirfear san áireamh teistiú nó fianaise eile a chuireann dochtúir nó liachleachtóir eile ar fáil. San fhianaise liachta ní mór go mbeadh fianaise den choinníoll agus an chaoi a n-imríonn sé tionchar ar chumas an iarrthora freastal ar a scrúduithe.

Fad a d'fhéadfadh an fhianaise liachta a theastaíonn , nó fianaise an bháis a theastaíonn an chéad iarratas a leanúint , is gá an fhianaise seo a bheith ar fáil don scoil laistigh de **4 lá oibre** ón gcéad iarratas.

Chuir an CSS na sonraí faoin bpróiseas iarratais ar fáil do scoileanna a iarrfaidh orthu dearbhú go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta.

I ngach cás caithfidh an CSS a bheith sásta faoi bhailíocht an iarratais agus caomhnóidh siad an ceart chun cruthúnas neamhspleách den bhás a lorg .

D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an cinneadh faoina n-iarratas ar eolas ag iarrthóirí ag am an scrúdaithe agus dá bhrí sin beidh orthu a bheith an-chinnte go bhfuil siad incháilitheacht sula mbíonn siad as láthair ón scrúdú.

Ag tabairt faoi deara go mbeidh an chéad scrúdú sa phríomhshuí ar an gCéadaoin 8 Meitheamh agus go mbeidh na scrúduithe ar an sceideal don data seo ar siúl ar Déardaoin 30 Meitheamh sa suí iarchurtha, beidh amlínte an-dlúth I gceist don iarratas , don chinneadh agus do na próisis achomhairc agus cuirfear na spriocdhataí ar fad I bhfeidhm go beacht.

Is iarrthóir seachtrach mé – Cén chaoi a gcuirim isteach ar na scrúduithe iarchurtha?
Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an scoil a raibh tú le do scrúduithe a dhéanamh inti. Iarradh ar scoileanna socruithe a chur in áit i gcomhair aon iarrthóirí seachtracha chun iarratas a dhéanamh tríd an scoil inna raibh siad ceaptha lena scrúduithe a dhéanamh inti.

Ní ghlacfaidh an CSS le hiarratais ó iarrthóirí nó ó thuismitheoirí/caomhnóirí seachas i gcás líon an-bheag d'iarrthóirí seachtracha neamh-scoil chleamhnaithe a bhí ceaptha lena scrúduithe a dhéanamh i gceann amháin as dá áit i lár Bhaile Átha Cliath.Rinne CSS teagmháil dhíreach leis na hiarrthóirí seo chun próiseas iarratais ar leith a leagan amach go díreach chuig CSS ar an nguthán ar 090 6442783 nó ar ríomhphost deferredexaminations@examinations.ie

An féidir liom, nó an féidir le mo thuismitheoir / caomhnóir iarratas a dhéanamh go díreach chuig an CSS?
Ní ghlafaidh an CSS le hiarratais ó iarrthóirí nó ó thuismitheoirí/caomhnóirí seachas i gcás líon an-bheag d'iarrthóirí seachtracha neamhscoil chaomhnaithe a bhí ceaptha lena scrúduithe a dhéanamh i gceann amháin as dá áit i lár Bhaile Átha Cliath. Rinne an CSS teagmháil go díreach leis na hiarrthóirí sin chun próiseas iarratais ar leith a leagan amach go díreach chuig an CSS.

Céard a tharlaíonn má dhiúltaíonn siad roimh m'iarratas? An bhfuil próiseas achomhairc ann?
Tá. Gheobhaidh gach iarratas cinneadh foirmeálta ón CSS. Áit a bhfuil tuismitheoir ní iarrthóir míshásta le gné ar bith de chinneadh an CSS beidh fáil acu ar Choiste Achomhairc Neamhspleách na Scrúduithe Iarchurtha (IAC). Roghnófar gach ball den IAC lasmuigh den CSS agus áireofar iontu iad siúd a bhfuil saineolas liachta ábhartha acu. Clúdaíonn tearmaí tagartha an IAC achomhairc in aghaidh cinntí an CSS ar na scrúduithe iarchurtha. Déanfar machnamh ar achomhairc i bhfianaise na bprionsabal foilsithe, riachtanas agus critéir mar a leagtar amach iad sa chiorclán rialaithe.

Iniata leis na cinntí ar iarratais le haghaidh rochtain ar na scrúduithe iarchurtha beidh sonraí maidir le próiseas na n-achomharc, agus gach spriocdháta a bhaineann le hábhar.

Ba chóir a thabhairt ar d'aire nach bhfuil ach deis an-ghairid don iarratas, cinneadh agus próisis na n-achomharc do na scrúduithe iarchurtha a chur i gcrích.

Céard d a tharlóidh d'iarrthóir a dhéanann iarracht na scrúduithe iarchurtha a rochtain go fealltach?
D'fhéadfadh Briseadh na Rialachán Scrúduithe a bheith ann má éilíonn iarrthóir faoiseamh faoin soláthar seo agus más fíor é go raibh éileamh bréagach déanta. D'fhéadfadh duine a bheith ciontach as feall faoi Roinn 52 den Acht Oideachais 1988 má chabhraíonn sé/sí le hiarrthóir faoiseamh a éileamh faoin soláthar seo.

EOLAS AR SCRÚDUITHE IARCHURTHA

Cén uair a mbeidh na scrúduithe iarchurtha ar siúl?
Cuirfear tús le sraith na scrúduithe iarchurtha do scrúduithe an Mheithimh ar Déardaoin 30 Meitheamh. Tá scrúduithe na hArdteistiméireachta Bunaithe ar an sceideal go sealadach le leanúint suas go dtí An Satharn 16 Iúil. Tá na scrúduithe san Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar an sceideal go sealadach le leanúint suas go Déardaoin 7 Iúil. Cuirfear scrúduithe ar siúl gach Satharn sa tsraith scrúduithe iarchurtha. Foilseofar na tráthchláir shealadacha ar www.examinations.ie agus foilseofar na tráthchláir dheiridh roimh an gcéad scrúdú sa tsraith iarchurtha.

Caithfidh iarrthóirí a dhéanann na scrúduithe iarchurtha ;

a. a bheith ar fáil le linn an deis ama do na scrúduithe iarchurtha, a bheith ar fáil hun na scrúduithe iarchurtha a dhéanamh mar ata siad ar an sceideal don tráthchlár deiridh;
b. a thabhairt faoi deara go gcuirfear scrúduithe ar siúl gach Satharn i dtréimhse na scrúduithe iarchurtha;
c. a bheith ar an eolas go bhféadfadh na scrúduithe ar an sceideal ar thráthchlár sealadach do na scrúduithe iarchurtha san Ardteistiméireacht Bhunaithe ón gCéadaoin 6 Iúil ar aghaidh a bheith faoi réir athraithe
d. a bheith ar an eolas go bhféadfadh na scrúduithe ar an sceideal ar an tráthchlár sealadach don Ardteistiméireacht Fheidhmeach iarchurtha ón Aoine 1 Iúil ar aghaidh a bheith faoi réir athraithe.

Cá háit a mbeidh na scrúduithe iarchurtha ar siúl?
Tá sé beartaithe go gcuirfear na scrúduithe iarchurtha ar siúl i roinnt scoileanna lonnaithe ar bhonn réigiúin. De ghnáth, beidh scoil amháin i ngach contae ag óstáil na scrúduithe iarchurtha. Cuirfidh níos mó ná scoil amháin na scrúduthe ar siúl i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh agus Tiobraid Árann.

Cuirfear na socruithe faoi na scoileanna óstála ar fáil do na húdaráis scoileanna mar chuid den phróiseas iarratais.

Táthar ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí aon scrúdú iarchurtha san áit a bhfuil an scoil óstach is gaire dóibh. Nuair a bheidh an t-iarratas ar líne á dhéanamh ar Thairseach na Scoile iarrfar ar údarás na scoile an scoil óstach is fearr leis an iarrthóir a thaispeáint ó liosta na scoileanna. Baineann tábhacht le tabhairt ar d'aire nach bhfuil urrús i gceist i roghnú na scoile óstála ags d'fhéadfadh sé athrú ag brath ar líon na n-iarrthóirí a dhéanfaidh na scrúduithe iarchurtha

ar deireadh thiar. Coimeádann an CSS an ceart an áit a bhfuil na scoileanna óstacha a athrú ag brath ar líon na n-iarrthóirí a bheidh i láthair do na scrúduithe.

Caithfidh iarrthóirí a bheith in ann a socruithe féin a dhéanamh chun freastal ar an suí iarchurtha agus beidh siad freagrach as a iompar féin agus a gcostais lóistín agus ní éistfidh an CSS le hiarratais chun na scrúduithe sin a dhéanamh in ionaid eile.

Céard a tharlóidh murar féidir liom na scrúduithe iarchurtha a dhéanamh?
Níl teagmhas ar bith eile ann don tsraith scrúduithe iarchurtha. Má cheaptar go bhfuil iarrthóir incháilithe do na scrúduithe iarchurtha agus má fhanann nó má éiríonn se/sí tinn ag am na scrúduithe iarchurtha nó má bhíonn bás i gceist, nó má chailleann siad a scrúduithe ar chúis ar bith eile (lena n-áirítear Covid-19) is é an chéad deis eile a bheidh acu tabhairt faoin Ardteistiméireacht ná i Meitheamh 2023.

An bhfuil costas ar bith i gceist le haghaidh na scrúduithe iarchurtha?
Níl aon táille don tseirbhís seo. Caithfidh iarrthóirí a bheith ábalta a socruithe féin a dhéanamh le freastal ar an suí iarchurtha agus beidh siad freagrach as a iompar féin agus costais lóistín. Ní éistfidh an CSS le hiarratais na scrúduithe seo a dhéanamh in ionaid eile.

EOLAS EILE
An bhfuil sé fíor go bhfaigheann iarrthóirí buntáiste ar leith sa mharcáil má bhionn deacrachtaí acu ar nós tinnis nó méala ag am scrúduithe?

Caithfidh obair gach iarrthora a bheith marcáilte de réir na scéime marcála aontaithe don ábhar i gceist sna scrúduithe teistiméireachta. Déantar é sin chun ionramháil chothromasach chomhsheasmhach a dheimhniú i gcomhair gach iarrthóir. Tá scrúdaitheoirí teoranta don scéim mharcála aontaithe a chur i bhfeidhm ar an obair a chuirtear ar fáil i ndairíre sa scrúdú. Níl scóip ag scúdaitheoir imeacht ón scéim mharcála seo. Seans go bhfuil míthuiscint ann gur féidir le scrúdaitheoirí cúinsí saoil an mhic léinn aonair a cheadú ar bhealach éigin suibiachtúil. Ach níl sé sin fíor in aon chor.

Cén fáth nach mbaineann sé sin le scruduithe na Sraithe Sóisearaí?
Beidh an beartas ar fáil sna cláir i scrúdú geallta móra na hArdteistiméireachta amháin mar má chailltear scrúduithe ag an am seo d'fheadfaí áit i gcoláiste nó deis oibre a chailliúint agus a bheith ag fanacht bliain iomlán eile don chéad seans eile chun na scrúduithe a dhéanamh.

Ní scrúdú geallta móra é An tSraith Shóisearach. Leanfar le tacú a thabhairt do iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí a bhfuil méala nó tinneas tromchúiseach acu ag am scrúdaithe chun a scrúduithe a dhéanamh faoi na socruithe atá ann.

Má tá ceist ar bith agat déan teagmháil le:
Rannóg na Scrúduithe Iarchurtha
Fón 090-6442783
Ríomhphost: deferredexaminations@examinations.ie

7. Próiseas Marcála na Scrúduithe

An mbíonn botúin ar an scrúdpháipéar riamh? Má bhíonn, cad a dhéanann an CSS?

Tá bearta fairsinge i bhfeidhm ag an CSS i rith an phróisis leis na páipéir a leagan amach chun cosc a chur ar earráidí ó bheith ag tarlú ar an gcéad dul síos nó chun iad a aimsiú sula dtarlaíonn an scrúdú. Faraor, i ngach córas scrúdaithe, agus is cuma cé chomh fairsing agus atá na bearta seo, tarlóidh sé go hannamh nach n-aimseofar earráid i scrúdpháipéar roimh ré. Leanaimid an prionsabal bunúsach nár chóir duit a bheith faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar aon earráid ar cheistpháipéar.

I gcás aon earráide, cuirfimid bearta i bhfeidhm lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go gcloítear leis an bprionsabal seo. Beidh éagsúlachtaí sna bearta seo, mar tarlóidh siad mar thoradh ar mhionanailís de thionchar gur dócha a bheith

ann agus de thionchar bhreathnaithe na hearráide ar do chuid oibre. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le hearráidí sna scrúdpháipéir ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.examinations.ie.

An bhfuil na scrúdpháipéir san fhormáid chéanna agus sa struchtúr céanna mar a bhí sna blianta roimhe seo?
Mar fhreagra ar an gcur isteach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a bhí ag rang na hArdteistiméireachta de 2022, rinneadh athruithe móra ar scrúdpháipéir scríofa na hArdteistiméireachta. Is é an aidhm a bhaineann leis na coigeartuithe breise seo ná chun an t-ualach a laghdú, chomh fada agus is féidir, d'iarrthóirí agus iad ag ullmhú do na scrúduithe scríofa agus ar lá an scrúduithe freisin araon. Tháinig na coigeartuithe breise seo chun críche tar éis plé a bhí ann idir an Roinn Oideachais, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is coigeartuithe breise iad ar na coigeartuithe a fógraíodh roimhe seo i mí Lúnasa 2021.
Is féidir teacht ar choigeartuithe breise (Feabhra 2022) anseo Coigeartuithe Breise - Feabhra 2022

Sna scrúdpháipéir scríofa, léireofar na coigeartuithe breise a fógraíodh. Ba é aidhm an CSS ná struchtúr agus leagan amach iomlán an scrúdpháipéir a choimeád ionas go n-aithnítear na scrúdpháipéir chomh fada agus is féidir. Den chuid is mó, cuireadh na leasuithe ar fad ar na páipéir i gcrích trí na treoracha a athrú ar an scrúdpháipéar. I gcás na Gaeilge ní rabhthas in ann aon choigeartú cóir a dhéanamh ar pháipéar 1, mar sin is ar pháipéar 2 amháin a ndearnadh na coigeartuithe.

I mbeagnach gach cás, cuireadh rogha sa bhreis trí líon na gceisteanna atá le freagairt a laghdú sa scrúdú. Cé go mbeidh tionchar aige seo ar an am atá ag teastáil a laghdú freisin chun an scrúdú a chur i gcrích, ní athrófar tréimhse ama gach scrúdaithe, agus dá bhrí sin laghdófar go mór an brú ama. Tá an tsraith deiridh de choigeartuithe ar na scrúdpháipéir scríofa do 2022 mar an gcéanna leis an tsraith deiridh de choigeartuithe a rinneadh ar na scrúdpháipéir de 2021. Dá réir sin, is acmhainn úsáideach iad páipéir 2021 atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin, chun soiléiriú a thabhairt duit faoi cad iad na coigeartuithe atá i gcceist.

An mbeidh mé faoi mhíbhuntáiste nuair a dhéantar comparáid leis na torthaí ó na blianta roimhe seo?

Tá na hathruithe fairsinge a fógraíodh maidir leis na scrúduithe mar aitheantas ar na dúshláin a bhí i ndán do scoláirí de bharr Covid-19. Tá siad ag tógáil ar na hathruithe a rinneadh cheana féin ar na páipéir agus cuireadh iad in iúl do na scoláirí i mí Lúnasa 2021. Leis na hathruithe seo le chéile, ciallaíonn sé nach gá d'ábhar imní a bheith ar na scoláirí go mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena bpiaraí. Déanfar na scrúduithe a struchtúrú ar bhealach atá aitheanta, ach le rogha níos mó agus laghdú i líon na gceisteanna atá le freagairt.

Luaigh scoláirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta i mbliana na hábhair imní atá orthu maidir le 'boilsciú na ngrád', agus go bhfuil seans ann gur bhainn scoláirí torthaí amach sna blianta roimhe seo ina mbeadh sé níos deacra do rang 2022 dul in iomaíocht le haghaidh áiteanna san ardoideachas. Lena chinntiú nach bhfuil cohórt scrúdaithe 2022 faoi mhíbhuntáiste beidh bearta curtha i bhfeidhm ag an CSS lena chinntiú nach mbeidh sraith iomlán na dtorthaí sa chomhiomlán don bhliain seo níos ísle ná mar a bhí siad anuraidh. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh rang 2022 faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le rang 2020 nó 2021.

Cé a mharcálann mo chuid oibre?

Ceapann an CSS scrúdaitheoirí, múinteoirí a bhfuil taithí acu in ábhar áirithe go hiondúil, chun an mharcáil a dhéanamh. Cuireann foireann ó Rannóg Scrúdaithe agus Measúnachta an CSS oiliúint orthu agus déanann siad monatóireacht orthu.

Conas a dhéantar mo chuid oibre a mharcáil?

Lena chinntiú go ndéantar obair gach iarrthóra a mharcáil ar an mbealach céanna, ullmhaítear scéim mharcála do gach scrúdú. Tá i bhfad níos mó sonraí sa scéim mharcála seo ná mar atá i ndáileadh na marcanna a thaispeántar ar an scrúdpháipéar agus déileáiltear ann le bealaí incheadaithe chun gach ceist a fhreagairt. Tugann scrúdaitheoirí a bhfuil taithí acu an scéim mharcála chun críche ag comhdhálacha a dhéantar a reáchtáil go luath tar éis na scrúduithe. Leis seo, is féidir na breathnóireachtaí a dhéanann Cumann na Múinteoirí ar an scrúdpháipéar a chur san áireamh don ábhar agus do pháirtithe leasmhara eile. Ina dhiaidh sin, foilsíonn an CSS scéim mharcála do gach ábhar. Beidh na scéimeanna marcála ar fáil i scoileanna agus ar www.examinations.ie in am chun breathnú ar scripteanna.

Conas a dhéantar monatóireacht ar an bpróiseas marcála?

Déanann an Príomhscrúdaitheoir monatóireacht ar an marcáil ar an obair scrúdaithe agus éilíonn sé/sí ar na scrúdaitheoirí uile marcáil a dhéanamh i gcomhréir leis an scéim mharcála. Ag céimeanna éagsúla i rith an phróisis mharcála cuireann scrúdaitheoirí isteach samplaí d'obair iarrthóirí atá marcáilte acu. Cuireann siad staitisticí ar fáil freisin maidir leis na marcanna atá á mbronnadh ionas gur féidir monatóireacht leanúnach a chur i gcrích ar an bpróiseas monatóireachta.

8. Marcáil Ar Líne

Cad iad na hábhair atá á marcáil ar líne i mbliana?

D'éirigh le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) córas marcála ar líne a úsáid go rathúil chun ábhair Ardteistiméireachta agus Sraithe Sóisearaí áirithe a mharcáil in 2019 agus chun ábhair Ardteistiméireachta a mharcáil in 2020 agus in 2021. Is iad seo a leanas na hábhair/comhpháirteanna a dhéanfar a mharcáil ar líne in 2022 don **Ardteistiméireacht**:

Ábhar	**Leibhéil**	**Comhpháirt**
Gaeilge	Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal	Scríofa (páipéar 1 & páipéar 2)
Béarla	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa (páipéar 1 & páipéar 2)
Matamaitic	Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal	Scríofa
Stair	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa
Tíreolaíocht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa
Fraincis	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Cluastuiscint
Gearmáinis	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Cluastuiscint
Spáinnis	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Cluastuiscint
Ealaín	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Matamaitic Fheidhmeach	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Fisic	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Ceimic	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Eolaíocht Talmhaíochta	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa
Bitheolaíocht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Innealtóireacht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Cuntasaíocht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Gnó	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Eacnamaíocht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa
Teicneolaíocht	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa
Ceol	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Páipéir Cumadóireachta & Éisteachta [Croíchúrsa] amháin
Eacnamaíocht Bhaile	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Páipéar scríofa amháin
Oideachas Reiligiúnach	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa
Corpoideachas	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Páipéar scríofa amháin
GCAT (Nascmhodúil)	Comhleibhéal	Páipéar scríofa amháin
Polaitíocht agus Sochaí	Ardleibhéal & Gnáthleibhéal	Scríofa & Obair Chúrsa

Cad a chiallaíonn sé seo domsa?

Déanfaidh tú do scrúduithe ar an ngnáthbhealach. Déanfar do scripteanna sna hábhair sa tábla thuas a scanadh nuair a thagann siad ar ais ón ionad scrúdaithe agus athrófar iad go script leictreonach. Coinneofar an script páipéir freisin. Ansin, déanfaidh scrúdaitheoirí na híomhánna scanta de do scripteanna scrúdaithe a mharcáil ag baint úsáid as bogearraí atá deartha go speisialta chun na críche seo. Tá do chuid oibre á marcáil **AR** ríomhaire, ní **AG** ríomhaire. Déanann an mharcáil ar líne marcáil ardchaighdeáin agus iontaofa a éascú de do fhreagraí scrúdaithe.

An bhfuil aon athruithe déanta ar na scrúdpháipéir nach mór dom a bheith ar an eolas fúthu mar thoradh ar mo scripteanna a bheith marcáilte ar líne?

Níl aon athrú ábhair ar a bhfuil sna scrúdpháipéir mar thoradh orthu a bheith marcáilte ar líne. Baineann na hathruithe a ndéantar cur síos orthu anseo leis an bhformáidiú agus leis an gcuma atá orthu amháin.

Tá trí fhormáid éagsúla de na scrúdpháipéir:

- scrúduithe ina bhfuil ceistpháipéar ar leith atá scartha ón bhfreagarleabhar nó ó stáiseanóireacht eile atá in úsáid.
- scrúduithe ina bhfuil leabhar ceisteanna agus freagraí is féidir a thabhairt ar ais ina bhfuil na ceisteanna ar fad agus na spásanna chun iad a fhreagairt.
- scrúduithe ina bhfuil leabhar ceisteanna agus freagraí is féidir a thabhairt ar ais ina bhfuil na ceisteanna gearrfhreagra agus na spásanna chun iad a fhreagairt, chomh maith le leathanaigh ar a bhfuil línte chun na ceisteanna ina bhfuil freagraí níos faide a fhreagairt. Tá na ceisteanna iad féin ina bhfuil freagraí níos faide curtha ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Is iad seo a leanas na hábhair a mharcáiltear ar líne a mbeidh **leabhar ceisteanna agus freagraí is féidir a thabhairt ar ais** acu in 2022:

An Ardteistiméireacht – Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is Féidir a Thabhairt ar Ais	
Gaeilge	Gnó
Matamaitic	Eacnamaíocht
Tíreolaíocht	Teicneolaíocht
Fraincis	Ceol
Gearmáinis	Eacnamaíocht Bhaile
Spáinnis	Corpoideachas
Eolaíocht Talmhaíochta	Nascmhodúil (GCAT)
Bitheolaíocht	Polaitíocht & Sochaí

Tá freagarleabhar nua de chuid na hArdteistiméireachta a úsáidfear i ngach ábhar Ardteistiméireachta ina mbeidh freagarleabhar ar leith ag teastáil. Is é atá i gceist leis an bhfreagarleabhar seo ina bhfuil 36 leathanach clúdach tosaigh, roinnt treoracha ar leathanach 2, agus 34 leathanach ar a bhfuil línte.

Beidh ort an t-ábhar, an leibhéal agus an leagan páipéir (Béarla/Gaeilge) atá á ndéanamh agat a lua trí scáthú iomlán a dhéanamh sna ciorcail chuí ar an gclúdach. I gcás na n-ábhar nach bhfuil á marcáil ar líne, scríobhfaidh tú ainm an ábhair sa spás atá curtha ar fáil.

Is gá duit gach uimhir ceiste a mharcáil go soiléir sa spás atá curtha ar fáil agus ina áit sin leathanach nua a úsáid agus gach ceist a thosú ar leathanach nua.

Tá roinnt mionathruithe tar éis a bheith déanta ar chuma na scrúdpháipéar agus na dtáirgí stáiseanóireachta chun an próiseas scanta a éascú. Tá na gnéithe seo a leanas le feiceáil ar na leathanaigh uile: barrachóid, marcanna a bhfuil cruth L ar na ceithre chúinne, agus 'haitseáil' ar feadh na gcnámh droma sa lár, agus tá limistéir shainithe shoiléire acu ar fad inar cheart duit do chuid freagraí a scríobh.

An féidir liom páipéar breise a iarraidh?

Tá trí tháirge stáiseanóireachta breise de chuid na hArdteistiméireachta ann:

1. Freagarleabhar Breise 4 leathanach ina bhfuil leathanach clúdaigh de dhath bán agus trí leathanach ar a bhfuil línte.
2. Freagarleabhar Grafpháipéir Breise 4 leathanach ina bhfuil leathanach clúdach de dhath bán agus trí leathanach de ghrafpháipéar.
3. Freagarleabhar Stáiseanóireachta Cuntasaíochta 4 leathanach ina bhfuil leathanach clúdach de dhath bán agus trí leathanach de stáiseanóireacht cuntasaíochta.

Beidh freagarleabhair bhreise ar a bhfuil línte ar fáil duit mura bhfuil dóthain spáis scríbhneoireachta agat i do fhreagarleabhar. Beidh freagarleabhair grafpháipéir bhreise agus freagarleabhair cuntasaíochta bhreise ar fáil ach iad a iarraidh. Tá treoir tugtha d'fheitheoirí gan freagarleabhair bhreise a sholáthar ag tús na scrúduithe.

Má scríobhaim lasmuigh de na himill/limistéir shainithe, an mbeidh an scrúdaitheoir in ann mo chuid freagraí a fheiceáil?

Ba chóir duit do chuid freagraí a líonadh isteach ag baint úsáid as na spásanna atá curtha ar fáil ar an scrúdpháipéar/ar an bhfreagarleabhar lena chinntiú go ndéantar na freagraí ar fad a thaifeadadh sa phróiseas scanta. Cé go ndéanfaidh an próiseas scanta an íomhá a thaifeadadh ina bhfuil níos mó ná na spásanna le haghaidh scríbhneoireachta, tá an baol ann nach mbeidh ábhar atá scríofa lasmuigh de na limistéir seo le feiceáil ag na scrúdaitheoirí.

An mbeidh cead agam peann luaidhe a úsáid sna scrúduithe nó an gá dom díreach peann Gorm nó Dubh a úsáid?

San áireamh sna scrúdpháipéir in ábhair atá á marcáil ar líne beidh an treoir seo a leanas "*Scríobh do fhreagraí i bpeann dubh nó gorm. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid le haghaidh graf agus léaráidí amháin.*"

Bhí a lán ceisteanna againn faoin treoir seo ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus iarrthóirí agus ba mhian linn é seo a shoiléiriú. Molaimid go mór duit peann gorm nó dubh a úsáid le do fhreagraí a scríobh. Ba chóir go mbeadh an úsáid a bhaintear as pinn luaidhe (pinn luaidhe daite san áireamh) teoranta do ghraif agus do léaráidí. Má bhaineann tú úsáid as peann luaidhe, ba chóir duit a bheith ar an eolas go bhfuil seans ann nach mbeidh peann luaidhe atá doiléir le feiceáil go soiléir ag an scrúdaitheoir.

An bhfuil aon rud eile nár chóir dom a úsáid nuair atá mo scrúdú á chur i gcrích agam?

Níor chóir leacht ceartúcháin a úsáid ná níor chóir duit aon bhotúin a ghlanadh amach. Seachas sin, moltar duit líne a chur trí do bhotún agus leanúint ar aghaidh. Chomh maith leis sin, ná bain úsáid as pinn ghlóthacha ná pinn aibhsithe.

<u>NÍ MÓR DUIT A CHINNTIÚ GO BHFUIL AN tEOLAS SEO A LEANAS CURTHA I gCRÍCH I gCEART:</u>

- Beidh ort **Lá agus Mí do Bhreithe** a chur ar fáil ar an gclúdach tosaigh den stáiseanóireacht scrúdaithe uile, in éineacht le do scrúduimhir. Féach an sampla thíos ina dtaispeántar iarrthóir 123456 a bhfuil lá agus mí a bhreithe ar an 12ú Samhain. **Déan cinnte de go bhfuil tú cruinn agus do scrúduimhir agus lá agus mí do bhreithe á líonadh isteach agat.**



- Ar an gclúdach den fhreagarleabhar Ardteistiméireachta, ní mór duit an t-ábhar, an leibhéal agus an leagan teanga (Béarla nó Gaeilge) a bhfuil an freagarleabhar in úsáid agat dóibh a lua trí scáthú iomlán a dhéanamh sna ciorcail chuí – féach an sampla thíos. the cover of the Leaving Certificate answerbook, you must also indicate the subject, level and language version (English or Gaeilge) you are using the answerbook for by fully shading in the relevant circles – see example below. **Ní mór é seo a chur i gcrích go cúramach lena chinntiú go dtugtar an script don scrúdaitheoir ceart le marcáil a dhéanamh uirthi**.



9999X799X9XL

Leaving Certificate Examination Answerbook for use in 2022
Scrúdú na hArdteistiméireachta: Freagarleabhar le húsáid in 2022

Shade in fully the circle for the subject, the level, and the language that you are answering through.
Scáthaigh go hiomlán an ciorcal taobh leis an ábhar, an leibhéal, agus an teanga trína bhfreagróidh tú.

Code *Cód*	Subject *Ábhar*	
001	*Gaeilge Páipéar 2*	○
002 P1	English Paper 1	○
002 P2	English Paper 2	○
004	History *Stair*	●
014	Art *Ealaín*	○
020	Applied Mathematics *Matamaitic Fheidhmeach*	○
021	Physics *Fisic*	○
022	Chemistry *Ceimic*	○
027	Engineering *Innealtóireacht*	○
032	Accounting *Cuntasaíocht*	○
223	Religious Education *Oideachas Reiliglúnach*	○

Level *Leibhéal*	
Higher *Ardleibhéal*	●
Ordinary *Gnáthleibhéal*	○

Answered through *Freagraíodh trí*	
English	●
Gaeilge	○

Centre Stamp
Stampa an Ionaid

If your subject is not listed, write the subject name here:
Mura bhfuil d'ábhar ar an liosta, scríobh ainm d'ábhair anseo:

Examination Number
Scrúdulmhir

1 2 3 4 5 6

Day and Month of Birth
Lá agus Mí do Bhreithe

1 2 1 1

For example, 3rd February is entered as 0302
Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

9999X799X9XL0136

9. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint

Conas a dhéanfar na torthaí a eisiúint?

I mbliana, táthar ag súil go ndéanfar na torthaí a eisiúint tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra.

Cuirfidh an CSS torthaí na hArdteistiméireachta ar fáil go díreach freisin don Lár-Oifig Iontrála (CAO). Leis seo, beidh an CAO in ann na hiarratais a phróiseáil le hiontráil a dhéanamh san ardoideachas gan mhoill agus na tairiscintí ardoideachais a eisiúint chugat a luaithe agus is féidir.

Conas a dhéantar na torthaí a phróiseáil agus a sheiceáil?

Nuair atá marcáil na scripteanna curtha i gcrích ag scrúdaitheoir, cuirtear an t-eolas ar fad ar ais go dtí an CSS. Cuirtear iomlán na marcanna le haghaidh gach comhpháirte d'ábhar atá déanta agat (béaltriail, cluastuiscint, triail phraiticiúil, páipéir scríofa etc.) isteach inár gcóras ríomhaireachta. Cuirtear raon nósanna imeachta seiceála agus dearbhú cáilíochta

i bhfeidhm ar phróisis na dtorthaí agus na ngrád le haghaidh na dtorthaí scrúdaithe atá dírithe ar chaighdeán na sonraí a choinneáil agus ar eolas iarrthóirí a aithint agus a thabhairt le chéile.

An féidir le botúin tarlú i bpróiseas na scrúduithe?

Ó am go chéile, d'fhéadfadh sé go mbeadh botúin ann. Ach, tá na próisis breathnú ar scripteanna agus na n-achomharc ann ionas gur féidir leat a fheiceáil go díreach conas a marcáladh do chuid oibre agus ionas go mbeidh an deis agat achomharc a dhéanamh má cheapann tú go raibh botún ann. Ag cur san áireamh líon mór na scripteanna scrúdaithe agus an t-ábhar scrúdaithe gaolmhar, agus líon mór na ndaoine a bhfuil baint acu sna torthaí a mharcáil agus a phróiseáil, tá an leibhéal earráide an-íseal. Tá córas an CSS le seiceáil agus le hathsheiceáil a dhéanamh deartha chun earráidí a aimsiú agus a cheartú sula ndéantar na torthaí a eisiúint.

Tá socruithe réasúnta agam le haghaidh m'Ardteistiméireachta, an ndéanfar mo thorthaí a anótáil?

Is é atá i gceist le socruithe áirithe atá curtha ar fáil faoi Scéim RACE ná tarscaoileadh nó díolúine ón measúnú ar chroíghné agus beidh nóta mínithe (anótáil) ann dá bharr, ina mbeidh an cineál coigeartaithe curtha in iúl, ar na ráitis torthaí shealadacha agus ar na teastais scrúdaithe deiridh.

Cathain a eiseofar na torthaí do m'Ardteistiméireacht?

Faraor, ní féidir tréimhse ama ar leith a ghealladh d'eisiúint na dtorthaí ag an bpointe seo.
Tá líon gnéithe suntasacha ann a bheidh tionchar acu ar dháta eisiúna thorthaí na hArdteistiméireachta i mbliana. Beidh scrúduithe curtha siar de chuid na hArdteistiméireachta ar siúl a bheidh teoranta go docht do scoláirí nach bhfuil in ann páipéar amháin nó níos mó a dhéanamh ag na príomhscrúduithe i mí an Mheithimh de bharr riochtaí míochaine tromchúiseacha nó de bharr báis duine mhuinteartha, ar chúinsí sláinte phoiblí, de bharr Covid-19. Ní féidir ag an bpointe seo líon na n-iarrthóirí a thomhas a mbeadh orthu na scrúduithe curtha siar a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá gealltanas tugtha, nach mbeidh torthaí Ardteistiméireacht 2022 ar an gcomhiomlán níos ísle ná na torthaí in 2021 agus le go mbeidh éifeacht ar an ngealltanas seo beidh gá le ham le mionanailís a dhéanamh ar thorthaí na marcála, leis an gcur i bhfeidhm, agus le dearbhú cáilíochta. Gné eile atá casta ná go bhfuil easnamh ann faoi láthair i líon na n-iarratas ar róil scrúdúcháin i ngach ábhar le haghaidh scrúduithe 2022.

Is féidir iarrthóirí a chur ar a suaimhneas go ndéanfaidh an CSS gach iarracht chun na scrúduithe a mharcáil agus na torthaí a phróiseáil chomh tapa agus is féidir agus lena chinntiú go mbeidh torthaí na scrúduithe ar fáil in am chun freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí agus na n-úsáideoirí deiridh.

Déanfar dáta le haghaidh na dtorthaí a fhógairt a luaithe agus is féidir.

Cuirfear na torthaí ar fáil in am trátha tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra. Cuirfidh an CSS torthaí na hArdteistiméireachta ar fáil freisin go díreach don CAO. Leis seo, beidh an CAO in ann iarratais a phróiseáil le hiontráil a dhéanamh san ardoideachas gan mhoill agus na tairiscintí ardoideachais a eisiúint chugat a luaithe agus is féidir.

Cad a tharlóidh tar éis eisiúint na dtorthaí?

Cuirfear treoir bhreise ar na céimeanna torthaí agus tar éis na dtorthaí ar fáil nuair a eisítear na torthaí. Tríd an TFI, beidh rochtain agat ar raon seirbhísí ar líne leis na torthaí a eisiúint agus ar na próisis a bheidh ann tar éis na torthaí a eisiúint, a chlúdaíonn rochtain ar shonraí na gcomhpháirteanna, breathnú ar scripteanna agus achomhairc.

10. An Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra

Cad é an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra?

Is éard atá sa Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra de chuid na hArdteistiméireachta seirbhís a sholáthraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Roinn Oideachais d'iarrthóirí na 6ú bliana a chuir isteach ar Ardteistiméireacht 2022. Is ionad ilfhreastail é an TFI le haghaidh raon seirbhísí ar líne d'iarrthóirí. Beidh cuntas cruthaithe agat ar an tairseach faoin am seo. Ní foláir duit sonraí do chuntais a choimeád slán ionas go mbeidh tú in ann rochatain a fháil ar do chuid torthaí.

Mura gcláraíonn tú NÍ bheidh tú in ann rochtain a dhéanamh ar an raon seirbhísí ar líne atá ar fáil ar an tairseach, mar seo a leanas:

- Rochtain ar do thorthaí scrúdaithe
- Rochtain ar mharcanna na gcomhpháirteanna in ábhair (e.g. marcanna béaltrialach, marcanna praiticiúla, etc.)
- Iarratas a dhéanamh chun breathnú ar do scripteanna
- Breathnú ar scripteanna ar líne in ábhar atá á marcáil ar líne
- Iarratas a dhéanamh ar achomharc
- Rochtain a dhéanamh ar thorthaí d'achomha(i)rc.

Tá an t-iarratas chun breathnú ar scripteanna, breathnú ar scripteanna atá á marcáil ar líne, seirbhísí an iarratais ar achomharc a dhéanamh agus ar thorthaí an achomhairc/na n-achomharc á gcur ar fáil ar líne amháin i mbliana.

D'fhéadfadh an CSS dul i dteagmháil leat ó am go ham le linn phróiseas Ardteistiméireacht 2022 chun tú a chur ar an eolas maidir leis na céimeanna sin thuas agus chun aon eolas a chur in iúl duit a d'fhéadfadh teacht chun solais le linn an Phróisis a d'fhéadfadh cur isteach ort. Déanfar teagmháil leat tríd an seoladh ríomhphoist agus an uimhir theileafóin a chuir tú ar fáil nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra den chéad uair.

11. Eisiúint agus na dTorthaí agus Tar Éis na Torthaí a Eisiúint- Breathnú ar Scripteanna agus Achomhairc

Cad a tharlóidh tar éis eisiúint na dtorthaí?

Cuirfear treoir bhreise ar na céimeanna torthaí agus tar éis na dtorthaí ar fáil nuair a eisítear na torthaí. Tríd an TFI, beidh rochtain agat ar raon seirbhísí ar líne leis na torthaí a eisiúint agus ar na próisis a bheidh ann tar éis na torthaí a eisiúint, mar seo a leanas:

- Rochtain ar do thorthaí Ardteistiméireachta ina bhfuil, ar bhonn ábhair de réir ábhair
    - Rochtain ar mharcanna na gcomhpháirteanna in ábhair (e.g. marcanna na bpáipéar scríofa, marcanna béaltrialach, marcanna praiticiúla, etc.)
    - An t-iarratas chun breathnú ar do scripteanna marcáilte
    - Breathnú ar líne ar na scripteanna marcáilte (in ábhair áirithe)
    - An próiseas iarratais ar achomharc

- Rochtain ar thorthaí Achomha(i)rc na hArdteistiméireachta.

Aguisín 1. Córas Ghráid na hArdteistiméireachta

A revised grading system was introduced to all Leaving Certificate subjects from 2017. The grading system reduced the number of grades from 14 in the old system to 8 under the current arrangements.

	Ó 2017 ar aghaidh	
Leibhéal	**Céatadán**	**Grád**
Ard, Gnáth, Bonn.	≥ 90 go 100	1
	≥ 80 agus < 90	2
	≥ 70 agus < 80	3
	≥ 60 agus < 70	4
	≥ 50 agus < 60	5
	≥ 40 agus < 50	6
	≥ 30 agus < 40	7
	≥ 0 agus < 30	8

Sna Ráitis agus sna Teastais, luafar an leibhéal a tógadh ag baint úsáid as an nodaireacht seo a leanas in aice le gach ábhar

Ardleibhéal, H/A

Gnáthleibhéal, O/G

Bonnleibhéal F/B

Aguisín 2. Sliocht as na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna

2004/05, mar a leasaíodh.

ROINN XI. – IOMPAR IARRTHÓIRÍ LE LINN SCRÚDUITHE

56. Tá a f(h)reagracht féin ar gach iarrthóir na laethanta agus na huaireanta a nótáil, mar atá siad socraithe ar an amchlár, do na scrúduithe sna hábhair a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir é/í féin teacht i láthair dóibh.
    Ní mór d'iarrthóirí a bheith sa halla scrúdaithe leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú sa chéad ábhar a dtagann siad i láthair dó.
    Ní mór dóibh, na laethanta ina dhiaidh sin, a bheith i láthair cúig nóiméad déag ar a laghad roimh an am atá luaite ar an amchlár. Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a dheimhniú go mbeidh siad i láthair in am trátha sa halla scrúdaithe.
    Ní mór d'iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Ní mór don síniú ar an rolla seo a bheith ag teacht ina chruth agus ina fhormáid leis an síniú ar chárta aitheantais an iarrthóra. Ní thabharfar cead isteach d'iarrthóir ar bith sa scrúdú i bpáipéar ar bith tar éis tríocha nóiméad den am atá ceadaithe don pháipéar sin a bheith caite.
57. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir ar bith an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go mbeidh tríocha nóiméad caite ón am a thosaigh an scrúdú.
58. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir an halla a fhágáil agus filleadh ar ais le linn na tréimhse scrúdaithe mura bhfuil an Feitheoir sásta go bhfuil sé sin riachtanach (e.g. tinneas an iarrthóra, géarghá dul go dtí an leithreas, etc.). Ní thabharfar cead isteach arís sa halla scrúdaithe d'iarrthóir a fhágann an halla ag am ar bith le linn an scrúdaithe mura mbíonn ionadaí ón údarás scoile i bhfeighil an iarrthóra, nó, ina áit sin, mura mbíonn sé/sí i bhfeighil an Fhreastalaí i gcaitheamh an ama ar fad a bhfuil sé/sí as láthair ón halla.
    Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an ceistpháipéar a thabhairt don Fheitheoir ar fhágáil an halla dó/di; is cóir don Fheitheoir taifead a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair den am fágála agus den am fillte ar an halla agus, chomh maith, den chúis a bheith as láthair; ní féidir an t-am a chailleann an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe.
59. Ní mór d'iarrthóir a fhágann an halla scrúdaithe sula mbíonn tréimhse scrúdaithe ar bith caite a scrúdpháipéar agus a f(h)reagarleabhar a thabhairt don Fheitheoir.
60. Ní mór d'iarrthóir fanacht i gcaitheamh an scrúdaithe ar fad san ionad a shonraíonn an Feitheoir dó/di an chéad uair, mura dtreoraíonn an Feitheoir a mhalairt dó/di.
61. Is cóir d'iarrthóir a lámh a chur in airde más mian leis/léi aird an Fheitheora a fháil le linn an scrúdaithe. Ar an iarrthóir féin atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirfidh sé/sí in iúl don Fheitheoir murar tugadh scrúdpháipéar dó/di ar an leibhéal atá beartaithe aige/aici a dhéanamh ag gach scrúdú.
62. Ní scríobhfaidh iarrthóir ar bith a (h)ainm ar fhreagarleabhar ná ar pháipéar ar bith eile a thugtar dó/di. Is cóir uimhir an iarrthóra a chur ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, líníocht, nó bileog de pháipéar cearnach a úsáidtear.
    Níor chóir d'iarrthóirí tosú ag scríobh go dtí go ndeir an Feitheoir leo é.

63. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a éilítear maidir leis an ábhar, etc. a chur isteach ar na clúdaigh agus ar na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.
64. Is cóir gach freagarleabhar, gach bileog de pháipéar cearnach breise, etc. a thugtar don iarrthóir, pé acu a úsáideadh iad nó nár úsáideach, a fheistiú dá f(h)reagarleabhar sula gcuirtear séala air leis an scorán a chuirtear ar fáil chuige sin.
    Is é/í an Feitheoir a thabharfaidh leabhrán Foirmlí agus Táblaí d'iarrthóirí. Níl aon chead ag iarrthóirí a gcóip féin den leabhrán sin a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe. Níl na leabhráin Foirmlí agus Táblaí ceadaithe ach amháin in ábhair áirithe. **Féach Ciorclán S50/12 maidir le *Leabhrán Foirmlí agus Táblaí***
65. Ní thabharfaidh iarrthóir na nithe seo isteach sa halla scrúdaithe, ná ní bheidh siad seo a leanas ina s(h)eilbh nó faoina smacht nó ní bheidh teacht aige/aici orthu fad atá sé/sí ina leithéid de sheomra -
    (a) leabhar nó páipéar ar bith (seachas a c(h)árta aitheantais, nuair atá a leithéid riachtanach, an scrúdpháipéar, agus na freagarleabhair, etc. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di);
    nó
    (b) meamram, nótaí, fón póca, leabhar leictreonach seoltaí, bunachar sonraí ar bith, etc. ach amháin áireamhán nuair a cheadaítear a leithéid de réir na rialachán nó foclóir dátheangach aistriúcháin nuair atá a leithéid ceadaithe.

66. I gcás scrúduithe praiticiúla Ealaíne (i.e. líníocht, ceardaíocht), ceadaítear d'iarrthóirí cibé ábhair a bheidh curtha in iúl ag scoileanna don Choimisiún a thabhairt isteach sa Halla Scrúdaithe.

67. Ní dhéanfaidh iarrthóir, fad atá sé/sí sa Halla Scrúdaithe, a leithéid seo a leanas -

(a) úsáid a bhaint as, nó iarracht ar úsáid a bhaint as, leabhar, meamram, nótaí nó páipéar ar bith (seachas an scrúdpháipéar agus cibé freagarleabhair atá tugtha ag an bhFeitheoir dó/di agus foclóir dátheangach nuair atá úsáid dá leithéid ceadaithe); nó

(b) cúnamh a thabhairt, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; nó

(c) cúnamh a fháil, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a fháil ó iarrthóir eile nó ó Fheitheoir; nó

(d) cumarsáid a dhéanamh, nó iarracht ar chumarsáid a dhéanamh, ar bhealach ar bith, le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó ar mhodh leictreonach le duine lasmuigh den ionad.

68. Ní dhéanfaidh iarrthóir a leithéid seo a leanas:

(a) ní scríobhfaidh sé/sí ar an scrúdpháipéar (ach amháin i gcás go bhfuil freagraí le scríobh ar chuid den scrúdpháipéar féin) ná ar chárta aitheantais ná ar an leabhrán Foirmlí agus Táblaí ná ar cheann ar bith de na huirlisí matamaitice a thugann sé/sí leis/léi, ach amháin sa chás go mbaineann iarrthóir feidhm as peann aibhsithe nó as folínte mar chúnamh chun an ceistpháipéar a thuiscint;

(b) ní scríobhfaidh sé/sí rud ar bith ar a f(h)reagarleabhar nach bhfuil baint dhíreach aige le hábhar na gceisteanna atá le freagairt;

(c) ní bhainfidh sé/sí duille ar bith ná cuid de dhuille as na freagarleabhair;

(d) ní thógfaidh sé/sí freagarleabhar ar bith amach as an halla scrúdaithe, pé acu a úsáideadh é nó nár úsáideadh, ná ní dhéanfaidh sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh;

(e) ní dhéanfaidh sé/sí damáiste don halla scrúdaithe ná don troscán ann.

69. Iarrthóir a bhfuil a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am atá ceaptha do chlabhsúr an scrúdaithe, tá cead aige/aici an halla a fhágáil ach iad seo a leanas a thabhairt don Fheitheoir

(a) a fhreagarleabha(i)r agus

(b) an scrúdpháipéar

70. Is cóir d'iarrthóir a chríochnaíonn a c(h)uid oibre le linn an deich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ar a c(h)athaoir go dtí go mbeidh a f(h)reagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir agus níor chóir dó/di an halla a fhágáil ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an t-am atá ceadaithe don scrúdú caite mura gceadaíonn an Feitheoir a mhalairt.

71. Nuair a bheidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir séala a chur ar a f(h)reagarleabha(i)r nó ar a c(h)lúdach, mura bhfuil sé sin déanta aige/aici cheana féin, agus fanacht ar a c(h)athaoir ansin go dtí go mbeidh an/na freagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir.

72. Glacfaidh agus cloífidh iarrthóir, i ngach rud a bhaineann leis an scrúdú, le treoracha an Fheitheora.

73. Sna hábhair sin ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin, ní mór d'iarrthóir glacadh leis na páipéir ar fad san ábhar ar an leibhéal céanna, e.g. na páipéir ar fad ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal. Ní bheidh cead aige/aici, na páipéir a fháil ná a fheiceáil ar níos mó ná leibhéal amháin san ábhar céanna.

74. Ní mór do gach iarrthóir a thagann i láthair don scrúdú sa Staidéar Foirgníochta, sa Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, san Innealtóireacht, sa Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó sa Ghrafaic Theicniúil clár líníochta a thabhairt leis/léi, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip ghreamaitheach.

Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir. Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáithín, gloine mhéadaithe agus opasaiméadar.

Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrach agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrach, ceadaítear áireamháin a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamháin d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúduithe i soláthar áireamhán ná batairí.

(b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.

(c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreach.

(d) Níor chóir áireamháin a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.

(e) Ní cheadaítear áireamháin in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn "in-ríomhchláraithe" aon áireamhán atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamháin a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Ní hionann áireamhán a bheith in- ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh a ríomhadh cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheanma seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamháin. Chomh maith leis sin, ní mheastar áireamhán a bheith in- ríomhchláraithe mar gheall ar

áis a bheith ann uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó breis.

(f) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:
graf-bhreacadh

- réiteach cothromóidí
- ionramháil shiombalach ailgéabrach
- suimeáil uimhriúil
- difreáil uimhriúil
- ríomhaireachtaí maitríse

(g) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí ginearálta seo:

- bunachair sonraí
- foclóirí
- aistritheoirí teangacha
- aisghabháil téacs
- cumas cianchumarsáide

(h) Ní féidir ach áireamháin do-ríomhchláraithe a úsáid. Ní foláir d'iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cén cineál áireamhá(i)n a úsáideadh sa scrúdú. Féach **Ciorclán S93/05 ar www.examinations.ie maidir le húsáid Áireamhán sna Scrúduithe Teastais.**

(i) Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamháin. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhán a chlúdach go daingean.

(j) Níl cead ag iarrthóirí na háireamháin a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.

Ní cheadaíonn an riail seo d'iarrthóir aon ghaireas a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach riail 65 thuas).

75. Is féidir iarrthóir a dhíbirt as halla scrúdaithe má bhíonn iompar ar bun aige/aici a chuireann reáchtáil shásúil an scrúdaithe i mbaol. Is féidir an scrúdú i ngach ábhar a dhícheadú má chuirtear isteach ábhar pornagrafaíoch nó ábhar gránna ar bith eile nó má chuirtear airgead/seic ar bith isteach leis an script.

76. I gcás go mbeidh an Coimisiún den tuairim gur sáraíodh na Rialacha seo, is cóir dó an Roinn a chur ar an eolas ina thaobh agus is faoin Aire a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpionós a bheidh le gearradh. I gcás go mbeadh an tAire den tuairim gur sháraigh iarrthóir ar bith na Rialacha seo, go ndearna sé/sí iarracht ar thoradh scrúdaithe a fháil nach bhfuil an t-iarrthóir ina theideal, nó gur chuir sé/sí a leithéid de thoradh ar fáil nó go ndearna sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh nó gur chuir sé/sí eolas míchruinn ar fáil maidir lena (h)iarrthóireacht, is féidir an scrúdú féin nó marcanna a bhaint d'iarrthóir dá leithéid, nó asbhaint a dhéanamh mar is cuí leis an Aire as suim iníoctha ar bith maidir le deontas nó scoláireacht ar bith a ghnóthaigh an t-iarrthóir, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona; agus féadfaidh an tAire, mar is cuí leis an Aire é, ainm agus seoladh an iarrthóra a fhoilsiú de réir mar a thugtar iad san fhógra a bheith i láthair don scrúdú, mar ainm agus seoladh iarrthóra ar gearradh pionós air/uirthi agus féadfaidh an tAire, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona, an t-iarrthóir a dhícheadú ó iontráil ar scrúduithe ar bith de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go ceann feadh cibé tréimhse a shocróidh an tAire..

Aguisín 3. Rochtain ar Scripteanna Scrúdaithe – Cosaint Sonraí

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an rochtain atá ag iarrthóirí na hArdteistiméireachta ar scrípteanna scrúdaithe a éascú trí áis *Breathnú ar Scripteanna* a tharlaíonn sna scoileanna gach bliain tar éis torthaí na hArdteistiméireachta a eisiúint. Leis an áis seo, atá ar fáil d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, tá tú in ann breathnú ar do scripteanna agus féachaint conas a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm ar do chuid oibre. Leis seo, tá tú in ann cinneadh eolach a dhéanamh cé acu achomharc nó gan achomharc a dhéanamh ar do thoradh/thorthaí roimh dháta deiridh na n-achomharc. Leis an tseirbhís Breathnú ar Scripteanna, tá tú in ann breathnú ar do script más mian leat, tá tú in ann cóipeanna a dhéanamh de do scripteanna i rith na seisiúin breathnaithe ag baint úsáid as do ghléas digiteach féin. Meastar gurb iad na freagraí a chuireann tú isteach sna scrúduithe agus aon ráitis a dhéanann na scrúdaitheoirí do chuid sonraí pearsanta faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí. Faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí, tá an ceart dlíthiúil agat, mar ábhar na sonraí, cóip de na sonraí pearsanta a fháil, atá ag an CSS fút. Leathnaíonn an ceart rochtana seo go dtí na scripteanna scrúdaithe freisin.

Cé go bhfuil an ceart dlíthiúil agat cóip de do scripteanna scrúdaithe a fháil, tá an dualgas ar an CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hachomhairc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo, agus dá bhrí sin tugtar tús áite do Bhreathnú ar Scripteanna. Ní chuireann sé seo isteach ar do chearta reachtúla. Féach na sonraí maidir le **Breathnú ar Scripteanna** sa chuid seo a leanas.

Cathain is féidir liom cóipeanna de mo scripteanna a fháil?

Is é an rochtain is luaithe a bheidh agat ar do script ná i rith an phróisis Breathnú ar Scripteanna. Mura mbreathnaíonn tú ar do scripteanna ag an bpointe seo, agus má dhéanann tú cinneadh ina ionad sin iarratas ar rochtain a dhéanamh ar shonraí chuig an CSS, ní bhfaighidh tú cóipeanna de do scripteanna go dtí i ndiaidh an dáta deiridh le hachomharc a dhéanamh. Dá bhrí sin, faoin am a fhaigheann tú an chóip de do script(eanna) beidh an deis caillte agat chun achomharc a dhéanamh ar do thoradh.

An féidir liom iarratas a dhéanamh chun rochtain a dhéanamh ar mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Is féidir – ach tá srianta ann maidir le cathain is féidir leat iarratas ar rochtain a dhéanamh agus cé chomh fada agus a ghlacfaidh sé chun d'iarratas a phróiseáil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, is gá don CSS, mar rialaitheoir sonraí, freagra a thabhairt d'iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh sonraí pearsanta laistigh de 30 lá ó fuarthas an t-iarratas. Ach, tá rialaitheoirí sonraí in ann síneadh a chur leis an tréimhse ama seo go dtí 90 lá nuair atá sé ródheacair freagra a thabhairt laistigh de 30 lá de bharr líon agus chastacht na n-iarratas a fhaightear. Déanann an CSS aon mhilliún script scrúdaithe scríofa agus milliún eile comhpháirt scrúdaithe ábhartha eile (obair phraiticiúil agus obair thionscadail; béaltrialacha; scrúduith feidhmíochta; etc.) a phróiseáil gach bliain. Faoi réir na srianta atá leagtha amach thíos, ba chóir dóibh siúd a dhéanann iarratas ar scripteanna faoin Acht um Chosaint Sonraí, a bheith ag súil go nglacfaidh sé suas go dtí 90 lá sula bhfaighidh tú do scripteanna ó dháta an iarratais.

Chomh maith leis na teorainneacha ama ginearálta seo, tá srianta ama ar leith sa reachtaíocht Cosanta Sonraí maidir le rochtain a dhéanamh ar thorthaí agus ar scripteanna scrúdaithe. Leis na srianta seo, déantar iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir ligean duit do cheart a fheidhmiú ar do shonraí pearsanta agus a chinntiú gur féidir le soláthraithe scrúdaithe, ar nós an CSS, leanúint ar aghaidh agus an phríomhfheidhm maidir le reáchtáil na scrúduithe agus torthaí na scrúduithe agus na n-achomharc a sholáthar a chur i gcrích faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo. Tá srian amháin ar leith ann freisin maidir le rochtain a dhéanamh ar script scrúdaithe na hArdteistiméireachta atá mar ábhar achomhairc.

Faoin reachtaíocht, is é an dáta is luaithe is féidir leis an CSS iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh torthaí nó scripteanna scrúdaithe a mheas ná dáta eisiúna na dtorthaí. Mar sin, má dhéanann tú a leithéid d'iarratas roimh dháta eisiúna thorthaí na hArdteistiméireachta, ní thosaíonn an clog ag ticeáil ar d'iarratas go dtí dáta eisiúna na dtorthaí. Ar an gcaoi chéanna, tá srian ama ar iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh le haghaidh thoradh an achomhairc. Má dhéanann tú achomharc ar thoradh agus ansin má dhéanann tú iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh thoradh an achomhairc, ní thosaíonn an clog ag ticeáil ar d'iarratas go dtí dáta foilsithe thorthaí an achomairc.

Chomh maith leis sin, má dhéanann tú achomharc ar thoradh scrúdaithe de chuid na hArdteistiméireachta, agus má tá iarratas ar rochtain sonraí déanta agat do script a bhaineann leis an toradh sin, ansin ní thosaíonn an clog ag ticeáil ar d'iarratas go dtí dáta eisiúna thorthaí an achomhairc. Moltar go mór duit do cheart a fheidhmiú chun breathnú ar do scripteanna ag an seisiún Breathnaithe nó ar líne. Cé go bhfuil tú i dteideal, dar ndóigh, iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh le cóip de do scripteanna a fháil, is í an tseirbhís Breathnú ar Scripteanna an **t-aon** deis atá agat rochtain a dhéanamh ar do scripteanna roimh dháta deiridh an achomhairc. Ina theannta sin, má bhreathnaíonn tú ar do script, ní chuireann sé sin cosc ort ó iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ach an oiread.

An féidir liom cóipeanna d'ábhar scrúdaithe a fháil seachas scripteanna scrúdaithe scríofa faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Tá an ceart agat ar chóip de do shonraí pearsanta agus ní ar do bhunobair. Más féidir comhpháirteanna eile a chóipeáil ansin beidh tú in ann do chearta cosanta sonraí a fheidhmiú agus cuirfear cóip ar fáil duit. Tá an t-ábhar scrúdaithe uile atá in ann a bheith mar ábhar iarratais ar rochtain sonraí faoi réir na srianta ama céanna mar atá leagtha amach thuas. Is féidir cuid den obair thionscadail agus den obair phraiticiúil atá á coinneáil agus á marcáil sna scoileanna ag an CSS a chur ar ais chugat tar éis eisiúint thorthaí an achomhairc. (Féach *Ábhar a Choinneáil* thíos).

An gá dom iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh chun rochtain a dhéanamh ar mo mharcanna béaltrialach(a) agus praiticiúla?

Ní gá – Tabharfaimid an comhad torthaí suas chun dáta ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra chun ní hamháin an grád a chur ar fáil ach an marc deiridh a bronnadh ar gach comhpháirt ar leith laistigh d'ábhar. Clúdaíonn sé seo marcanna le haghaidh béaltrialach, trialacha praiticiúla, tionscadail, obair chúrsa agus páipéir scríofa san ábhar céanna (páipéar 1, páipéar 2).

An féidir liom taifeadadh de mo Bhéaltriail a fháil faoi chosaint sonraí?

Má dhéanann tú iarratas ar rochtain sonraí le cóip de do bhéaltriail a fháil, ba chóir duit a thabhairt faoi deara nach féidir linn ach amháin do ghuth ar na taifeadtaí a chur ar fáil duit. Ní chloisfidh tú guth an Agallóra Bhéaltrialach agus ní chuirfimid na ceisteanna a cuireadh ort sa triail ar fáil duit. Murab ionann is do fhreagraí, ní hiad do chuid sonraí pearsanta na ceisteanna seo agus na ceisteanna a chuirtear sna béaltrialacha, seachas iad siúd atá le feiceáil ar scrúdpháipéir, ní chuirtear iad ar fáil go poiblí. Is tasc casta é a leithéid de thaifeadadh le do ghuth amháin air a mhacasamhlú agus glacfaidh sé an 90 lá ina iomláine le bheith curtha amach chugat.

Tá mo chearta ar ráitis an scrúdaitheora freisin – conas is féidir liom rochtain a dhéanamh orthu seo?

Níl cead ag scrúdaitheoirí CSS ráitis i scríbhinn a dhéanamh ar scripteanna. Tá siad teoranta leis an scéim mharcála a chur i bhfeidhm ar an script. In ábhair áirithe, e.g. Béarla, baineann na scrúdaitheoirí úsáid as nodaireachtaí chun a chur in iúl cá háit ar chaill iarrthóir marcanna nó ar bhain sé/sí marcanna amach i gcomhréir leis an scéim mharcála. Nuair a bhreathnaíonn tú ar do script scrúdaithe, nó nuair a fhaigheann tú cóip di trí iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh, feicfidh tú do chuid freagraí scrúdaithe agus ráitis an scrúdaitheora (i.e. na marcanna agus aon nodaireachtaí a d'úsáid an scrúdaitheoir) ar an script.

Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chóip de mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar chóip de do script, nó ar aon sonraí pearsanta eile atá á gcoinneáil fút ag an CSS, is féidir leat iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig;

Iarratas ar Rochtain Cosanta Sonraí,
Coimisiún na Scrúduithe Stáit,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.
N37TP65

I d'iarratas ba chóir dóthain eolais a chur ar fáil dúinn ina mbeimid in ann tú a aithint mar iarrthóir scrúdaithe; chun a fháil amahc cén chóip atá á lorg agat; agus chun teagmháil a dhéanamh leat go díreach sa chás go gcaithfimid d'aitheantas a dheimhniú nó d'iarratas a shoiléiriú.

Agus a leithéid d'iarratas á dhéanamh, cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil srianta ann maidir le do cheart rochtana agus **nach bhfaighidh tú cóip de do script nó d'ábhair scrúdaithe eile roimh dháta deiridh na n-achomharc.** An t-aon bhealach le rochtain a dhéanamh ar do scripteanna scríofa, dialanna agus freagraí scríofa eile, roimh dháta deiridh na n-achomharc, ná trí fhreastal ar sheisiún breathnaithe.

Foilseofar sonraí faoi aon athruithe ar na socruithe le hiarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin.